# Comhairle Contae Lú

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL **2017**

Comhairle Contae **Lú**
**Louth** County Council

**Do** Chomhairle ar son **Do** Phobail



# AN CLÁR


1. Réamhrá

2. Seirbhísí Corparáideacha

3. Tithíocht & Seirbhísí Dóiteáin

4. Pobail

5. Oibríochtaí, Seirbhísí Áitiúla & Seirbhísí Uisce

6. Forbairt Eacnamaíoch, Pleanáil agus Bonneagar

7. Aguisíní

# 1

**Túseolas**

Réamhráite

Forléargas

2017 in aon amharc amháin

Na Comhaltaí Tofa

# Réamhrá



**Colm Markey**
Cathaoirleach

Ba mhór an onóir domsa bheith im' Chathaoirleach ar Chomhairle Contae Lú le linn 2017 agus an deis a bheith agam teagmháil a dhéanamh leis an oiread sin daoine agus grúpaí a chabhraíonn chun áit bheoga a dhéanamh de Chontae Lú. Is féidir linn ar fad a bheith bródúil as an méid a dhéanann ár saoránaigh, idir óg agus aosta, ar mhaithe leis an timpeallacht agus le saol spórtúil agus cultúrtha an Chontae.

Táim thar a bheith bródúil as obair an Choiste Forbartha Áitiúil Pobail i dtaca leis na spriocanna a leagadh amach sa Phlean Eacnamaíoch agus Pobail 2016 go 2022 a shroicheadh. Ba é aidhm an Phlean uaillmhianaigh seo dul i ngleic le míbhuntáiste, tacú le fiontraíocht, fostaíocht agus oiliúint, agus bonneagar pobail a fhorbairt. Tá na nithe sin á gcur ar fáil cheana féin trí thionscnaimh agus imeachtaí éagsúla. Ar bhuaicphointí an Phlean tá lárionaid óige pobail i nDún Dealgan, Baile Átha Fhirdhia agus Droichead Átha, an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí agus Oíche na nDuaiseanna Pobail agus Saorálaithe, an méid baineadh amach sa Chomórtas Mórtas Áite agus i gComórtas na mBailte Slachtmhara, gan trácht ar thionscadal Trasteorann Bratimeachta Chomhairle na nÓg.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomh-chomhairleoirí as tacú liom i mbliana agus as an obair mhór a rinne siad thar ceann mhuintir Lú.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bPríomhfheidhmeannach, Joan Martin, leis, as an chabhair agus an tacaíocht a thug sí dom ó cheann ceann na bliana, agus lei foireann Chomhairle Contae Lú as a gcuid oibre ar son mhuintir Lú.

Bhain mé taitneamh agus tairbhe as mo chuid ama mar Chathaoirleach agus táim ag tnúth le mo chion a dhéanamh chun díriú ar na dúshláin a bheith le sárú ag an gContae in 2018.



# Forléargas an Phríomhfheidhmeannaigh



**Joan Martin**
Chief Executive

Ag féachaint siar ar 2017, táim sásta leis an dul chun cinn atá déanta ag Comhairle Contae Lú chun seirbhísí ardchaighdeáin, dírithe ar an saoránach, freagrúla agus éifeachtúla a chur ar fáil do mhuintir Lú.

Is cruthúnas é ar a bháúla le fiontar atá timpeallacht Lú do ghnóthais agus ar an réimse leathan tallann atá anseo gur éirigh linn infheistíocht dhíreach isteach a mhealladh agus dul chun cinn eacnamaíoch a dhéanamh i mbliana. Gheofar a fhianaise sin sna 118 post nua a chruthaigh an Oifig Fiontair Áitiúil (LEO).

Bhí 1,000 duine nach mór páirteach i gcláir agus seimineáir oiliúna gnó agus in imeachtaí líonraithe a d'eagraigh an LEO i mbliana, agus cuireadh meantóireacht duine le duine ar fáil do 261 duine. Anuas ar sin, bhí 1,160 mac léinn páirteach sa chlár Fiontraíochta Scoile i ngach ceann de 18 iar-bhunscoil i Lú. Creidim gurb iad na tionscnaimh seo a chinnteoidh forbairt eacnamaíoch agus rathúnas ar an gContae.

I mí Feabhra, lainseálamar suíomh gréasáin nua na Comhairle www.louthcoco.ie, a thabharfaidh eispéireas tarraingteach, furasta le húsáid d'úsáideoirí.

Cuireadh clár mór imeachtaí ar fáil in 2017. Ar na buaicphointí bhí an Fhéile Mhuirí, a bhuaigh duais, Féile Ealaíon Dhroichead Átha agus lainseáil 'Foireann Amháin,

Aisling Amháin, taispeántas inar ceiliúradh stair shaibhir Chlub Sacair Dhún Dealgan i Músaem an Chontae.

Roghnaíodh Dún Dealgan mar óstа d'Fhleadh Cheoil na hÉireann 2018 agus ba mhór an ócáid é sin dúinn ar fad. Thacaigh Comhairle Contae Lú leis an tairiscint don fhéile le cúpla bliain anuas. Beidh suas le 400,000 cuairteoir ag teacht go dtí an contae le linn na Fleadh, rud a thabharfaidh deis iontach dúinn a áille agus a bheoga atá an baile a thaispeáint.

Bhí mórtas orm Scéim Rogha Tithíochta a thabhairt isteach ar fud an chontae i mbliana. Tá an scéim seo tar éis eispéireas na n-iarratasóirí tithíochta a fheabhsú agus luas a chur le leithdháileadh tithe. Leithdháileamar 18 teach i mbliana trí orduithe ceannaigh éigeantaigh. Tá dul chun cinn á dhéanamh i gcónaí ag Comhairle Contae Lú i dtaca lenár spriocanna tithíochta sóisialta a shroicheadh, trí raon tionscnamh a mhínítear sa tuarascáil seo.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann na Comhairle as a n-obair dhian agus as a bheith tiomanta do mhuintir Lú. Guím scor sona ar gach duine a chuaigh ar scor i 2017. Ba mhaith liom, leis, buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach agus leis na comhaltaí as a dtacaíocht leanúnach. Táim ag tnúth le leanúint den obair atá ar bun againn chun riachtanais shaoránaigh Chontae Lú a chomhlíonadh.



# 2017 IN AON AMHARC AMHÁIN

**151 TEACH NUA**
CURTHA AR FÁIL

**94%** DE SCOILEANNA AN CHONTAE
**PÁIRTEACH** I gCOMHAIRLE NA nÓG

**118 POST NUA**
LE TACAÍOCHT Ó **LEO**

**362 CEIST**
DHÍREACH Ó CHUSTAIMÉIRÍ
**RÉITITHE** GACH LÁ

**775** GLAOCH AMACH
SEIRBHÍSE
DÓITEÁIN

**€565,000** CURTHA AR FÁIL
D'OIBREACHA **SÁBHÁILTEACHTA**
**AGUS UASGHRÁDAITHE**
**BÓTHAIR**

**8,286** LEANTÓIR
MEÁN SÓISIALTA

**367** MADRA
LE HÚINÉIRÍ NUA

**€1.95M** i gCABHAIR
DEONTAIS CURTHA AR FÁIL CHUN
**TITHE** A OIRIÚNÚ DO DHAOINE
FAOI MHÍCHUMAS


OS CIONN **250,000**
**CUAIRT** LEABHARLAINNE

**3 TRÁ** BHRATACH GHORM

**€2.5 MILLIÚN** CAITE AR
THIONSCADAIL POBAIL FUINNEAMH
NÍOS FEARR

**1.1 MILLION CUAIRT**
AR AN SUÍOMH GRÉASÁIN

**998** DUINE I LÁTHAIR AG
IMEACHTAÍ GNÓ **LEO LÚ**




### CLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ

Gach bliain tiomsaíonn CCL clár na saoránach atá i dteideal vótáil i dtoghcháin áitiúla, in olltoghcháin, i dtoghcháin uachtaránachta agus i reifrinn.

Thaispeáin Clár na dToghthóirí, a bhí éifeachtach ón 15 Feabhra 2017, pobal iomlán vótála de 94,834 comhdhéanta mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Toghthóirí Uachtaránachta | 89,492 |
| Toghthóirí Dála | 90,380 |
| Toghthóirí Eorpacha | 91,230 |
| Toghthóirí Áitiúla | 94,834 |

### CEITHRE RÁITHE EAGRAÍOCHTA LÚ

Dún Dealgan/Cairlinn

Dún Dealgan Theas

Áth Fhirdhia

Droichead Átha

### TRÍ CHEANTAR BHARDASACHTA LÚ

Ceantar Bardasach Dhún Dealgan

Ceantar Bardasach Bhaile Átha Fhirdhia

Ceantar Buirge Dhroichead Átha

# Comhaltaí Tofa:
# Comhairle Contae Lú / Louth County Council

## Toghcheantar Bhaile Átha Fhirdhia (6 gcomhalta)



Cunningham, Tom
**Sinn Féin**
4 Oriel Cove, Ceann Chlochair,
Droichead Átha, Co. Lú
**fón póca**: 087 371 7884
**r**: tom.cunningham@louthcoco.ie



Markey, Colm *(Cathaoirleach)*
**Fine Gael**
Baile an Chorraigh, An Tóchar,
Droichead Átha, Co Lú.
**fón póca**: 087 8317500
**r**: colm.markey@louthcoco.ie



McGeough, Pearse
**Sinn Féin**
8 Bailtíní Mhuire, Cill Saráin,
Baile an Ghearlánaigh, Co Lú
**fón póca**: 086 813 5447
**r**: pearse.mcgeough@louthcoco.ie



Minogue, Dolores
**Fine Gael**
Whitfield, Sráid Jervis,
Baile Átha Fhirdhia, Co. Lú
**fón póca**: 0879512788
**r**: dolores.minogue@louthcoco.ie



Reilly, Liam
**Fianna Fáil**
Gráinseach Bhaile na Muileann,
Droim Ineasclainn, Dún Dealgan,
Co. Lú
**fón póca**: 086 100 0881
**r**: info@liamreilly.ie



Teanty, Jim
**Neamhpháirtí**
Riverbank, Sráid Jervis,
Baile Átha Fhirdhia Co. Lú
**fón póca**: 087 371 7883
**r**: jim.teanty@louthcoco.ie

# Toghcheantar Dhroichead Átha (10 gcomhalta)



Bell, Paul
**An Lucht Oibre**
109 Garrán Bál,
Droichead Átha, Co. Lú
**fón póca**: 087 1206 736
**r**: paulbell1@eircom.net



Byrne, Tommy
**Fianna Fáil**
10 Bealach an Fhómhair, Halla na Cruithneachta,Droichead Átha, Co. Lú
**fón póca**: 086 820 1439
**r**: info@thomasbyrne.ie



Byrne, Joanna
**Sinn Féin**
79 Ascaill a hAon, An Bóthar Buí.
Droichead Átha, Co. Lú
**fón póca**: 0871146522
**r**: joanne.byrne@louthcoco.ie



Saurin, David
**Sinn Féin**
Rivendell, Gráinseach na gCaorach Tulach Álainn, Droichead Átha, Co. Lú
**fón póca**: 087 1128 613
**r**: david.saurin@louthcoco.ie



Flood, Kenneth
**Sinn Féin**
30 Sráid na Breacóige, Sráidbhaile Aston, Droichead Átha, Co. Lú
**fón póca**: 085 213 3606
**r**: kenneth.flood@louthcoco.ie



Godfrey, Frank
**Neamhpháirtí**
Teach Ghleann na Bóinne, Bóthar Dhún Uabhair, Droichead Átha, Co. Lú
**fón póca**: 086 606 0261
**r**: frank.godfrey@louthcoco.ie



Callan BL, Kevin
**Neamhpháirtí**
Ballywater Farm, Bóthar Bhaile Mhic Éinidh, Droichead Átha
**fón póca**: 087 777 6648
**r**: kevincallanbl@hotmail.com



Culhane, Richie
**Fine Gael**
34 Ascaill Mhaolrosa, Steach Mín, Droichead Átha, Co. Lú
**fón póca**: 087 646 9495
**r**: richie.culhane@louthcoco.ie



Smith, Pio *(Leas Cathaoirleach)*
**An Lucht Oibre**
37 Faiche na Foraoise, Bóthar Bhaile Mhic Éinidh, Droichead Átha, Co. Lú
**fón póca**: 087 946 0673
**r**: pio.smith@hotmail.com



Tully, Oliver
**Fine Gael**
Baile Trá,
Droichead Átha, Co. Lú
**fón póca**: 086 824 5715
**r**: tullyoliver@yahoo.co.uk

## Dún Dealgan/Cairlinn ( 6 Chomhalta)



Corrigan, Edel
Sinn Féin
An tÁdh Buí, Mountpleasant,
Dún Dealgan, Co. Lú
**fón póca**: 085 847 6660
**r**: edel.corrigan@louthcoco.ie



Dearey, Mark
An Comhaontas Glas
Corr an Chait, Ó Méith, Dún
Dealgan, Co. Lú
**fón póca**: 0872358197
**r**: mark.dearey@louthcoco.ie



Keelan, Connor
Fianna Fáil
Oak Lodge, Bóthar an Iúir,
Dún Dealgan, Co. Lú
**fón póca**: 087 7773200
**r**: conor.keelan@louthcoco.ie



McGahon, John
Fine Gael
Gairdíní Fhochaird, Ardán Phádraig,
Dún Dealgan, Co. Lú
**fón póca**: 085 172 0143
**r**: john.mcgahon@louthcoco.ie



Watters, Antóin
Sinn Féin
Log Brioscáin, Baile na hAbhna,
Dún Dealgan, Co. Lú
**fón póca**: 0874165157
**r**: antoin.watters@louthcoco.ie



Savage, Peter
Fianna Fáil
Carn na nAol, Gráinseach na
Muileann, An Grianfort, Co. Lú
**fón póca**: 0871364378
**r**: peter.savage@louthcoco.ie

## Toghcheantar Dhún Dealgan Theas (7 gComhalta)



Butler, Marianne
Green Party
Copthorn, Bothar na hAscaille,
Íocht. Dún Dealgan, Co. Lú
**fón póca**: 086 867 7672
**r**: marianne.butler@louthcoco.ie



Coffey, Emma
Fianna Fáil
154 Céide Chois Abhann, Bóthar
an Scioból Dheirg, Dún Dealgan,
Co. Lú
**fón póca**: 087 194 0837
**e**: emma.coffey@louthcoco.ie



Doyle, Maria
Fine Gael
6 Bóthar na Dara Lis Na Dara,
Bóthar Charraig Mhachaire Rois,
Dún Dealgan, Co Louth
**fón póca**: 086 877 0894
**e**: maria.doyle@louthcoco.ie



Campbell, Anne
Sinn Féin
Springmount House, Bóthar Átha
Cliath, Dún Dealgan, Co. Lú
**fón póca**: 087 947 3009
**r**: anne.campbell@louthcoco.ie



Yore, Maeve
Non Party
2 Clós Blakely, Bóthar na hAscaille,
Dún Dealgan, Co. Lú
**fón póca**: 087 617 2127
**r**: maeve.yore@louthcoco.ie



Sharkey, Tomás
Sinn Féin
Baile Alaird, Droichead an Chnoic,
Dún Dealgan, Co. Lú
**fón póca**: 087 909 0629
**r**: tomassharkeylouth@gmail.com



Ruairí Ó Murchú
Neamhpháirtí
30 Gleann na Silíní, Bay Estate,
Dún Dealgan, Co. Lú
**fón póca**: 087 797 8018
**r**: ruairi.omurchu@sinnfein.ie

2

## Seirbhísí Corparáideacha

Cuireann Roinn Seirbhísí Corparáideacha Chomhairle Chontae Lú seirbhís éifeachtach ar fáil do chomhairleoirí agus don ardbhainistíocht, mar aon le **seirbhísí ginearálta don phobal**. Déanaimid monatóireacht agus athbhreithniú ar bheartais agus nósanna imeachta na Comhairle agus táimid freagrach as cruinnithe na Comhairle a riar, an Toghchlár a thiomsú, tuarascáil bhliantúil na Comhairle a réiteach, réadmhaoin a bhainistiú, cúrsaí sláinte agus sábháilteachta a bhainistiú agus as faisnéis a chur ar fáil faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

# Cruinnithe den Chomhairle 2017

Bhí 13 chruinniú ag Comhairle Contae Lú i 2017 - cruinniú míosúil ar an tríú Luan de gach mí, dhá cheann de chruinnithe buiséid i Samhain, agus Cruinniú Bliantúil i Meitheamh.

Cathaoirleach Cheantar Bardasachta Dhún Dealgan - **Cathaoirleach - John McGahon**

Cathaoirleach Cheantar Buirge Dhroichead Átha - **An Méara Pio Smith**

Cathaoirleach Cheantar Bardasachta Bhaile Átha Fhirdhia - **Cathaoirleach - Liam O'Reilly**

| Cruinnithe de Chomhairle Contae Lú in 2017 | |
|---|---|
| Cruinnithe míosúla | 10 |
| Cruinnithe bliantúla | 1 |
| Cruinnithe buiséid | 2 |
| An Grúpa Beartais Chorparáidigh (CPG) | 11 |
| **Cruinnithe den Cheantar Bardasach** | |
| Ceantar Buirge Dhroichead Átha | 13 |
| Ceantar Bardasach Bhaile Átha Fhirdhia | 12 |
| Ceantar Bardasach Dhún Dealgan | 12 |
| **Coistí Beartais Straitéisigh (SPCanna)** | |
| SPC - Tithíocht, Pobail, Pleanáil & Seirbhísí Éigeandála | 5 |
| SPC - Forbairt Eacnamaíoch & Tacaíocht Fiontar | 4 |
| SPC - Pleanáil & Timpeallacht | 4 |
| SPC - Bonneagar, Gnóthaí Eorpacha & Trasteorann | 4 |
| **Comhchoistí Póilíneachta/Fóram Áitiúil Póilíníeachta (LPF)** | |
| LPF - Dún Dealgan | 3 |
| LPF - Droichead Átha | 3 |
| LPF - Baile Átha Fhirdhia | 3 |

## SEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ IN AON AMHARC AMHÁIN

IN 2017 I SEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ BHÍ **129,865 TEAGMHÁIL AGAINN LE CUSTAIMÉIRÍ** - INA MEASC BHÍ **RÍOMHPHOIST, GLAONNA** AGUS **CEISTEANNA AG AN GCUNTAR POIBLÍ**

RÉITIGH SEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ IARRATAS Ó **44,514 CUSTAIMÉIR** AG AN gCUNTAR **3,710 SA MHÍ** NÓ **178 SA LÁ** AR AN MEÁN

D'FHREAGAIR SEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ **46,107 GLAO - 184 GLAO SA LÁ** AR AN MEÁN

## Úsáid agus cur chun cinn an Fhuinnimh

In 2017 d'éirigh le Comhairle Contae Lú laghdú 34.6% a dhéanamh ar úsáid fuinnimh i gcomparáid lena bhonnlíne (úsáid fuinnimh 2006-2008), de réir Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

Tá an Chomhairle ag treorú le dea-shampla trína bhonneagar fuinnimh féin a fheabhsú. D'athraigh an Chomhairle na soilse i Halla Bhaile Dhún Dealgan go soilse ísealfhuinnimh (LED). Suiteáladh painéil nua gréine fótavoltacha ar dhíon Halla an Chontae.

D'eagraigh an Chomhairle roinnt ócáidí in 2017 chun aird a dhíriú ar úsáid fuinnimh, lena n-áirítear cur i láthair don fhoireann dar teideal "Energy Conservation in the Home'. Trí fhuinneamh a laghdú ag baile, táthar ag súil go leanfaidh an fhoireann de na cleachtais seo ag an obair.



## Córas Bainistíochta Fuinnimh

Cheap Comhairle Contae Lú Córas Bainistíochta Fuinnimh in 2016 a úsáideadh arís in 2017 chun úsáid fuinnimh na Comhairle a rianú ar shlí níos éifeachtaí.

| | Flít (100Km) | Soilsiú poiblí (watts/lamp) | Halla Bhaile Dhún Dealgan (KWHrs/m2/yr) | Halla an Chontae (KWHrs/m2/yr) |
|---|---|---|---|---|
| Bonnlíne (Noll 2016) | 17.89 | 120.97 | 131 | 138 |
| Noll 2017 | 17.71 | 119.04 | 127 | 136 |

Léirítear sa tábla thuas gur lú fuinnimh a d'úsáid mórúsáideoirí fuinnimh na Comhairle (Halla Bhaile Dhún Dealgan, Halla an Chontae, Dún Dealgan, Soilsiú poiblí agus an Flít) sna 12 mhí suas go Nollaig 2017 ná i gcás na 12 mhí roimhe sin go Nollaig 2016.

## Pobail Fuinnimh níos Fearr

D'éirigh le hiarratas Chomhairle Contae Lú ar Scéim Phobail Fuinnimh níos Fearr Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann in 2017 chun níos mó ná 120 teach, foirgneamh poiblí, foirgneamh pobail agus foirgneamh tráchtála ar fud an chontae a uasghrádú. Fuair an Chomhairle €830,975 de chistiú lena n-aghaidh.

# Gnóthaí Eorpacha & Trasteorann

## CLÁR PEACE IV

Tionscnamh uathúil trasteorann is ea Clár PEACE IV, a mhaoiníonn an Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa tríd an Aontas Eorpach agus atá faoi bhainistíocht ag Comhlacht na gClár Speisialta AE. Dearadh é chun tacú le hathbhunú na síochána agus an athmhuintearais i dTuaisceart Éireann agus i réigiún Teorann na hÉireann.

Fuair Plean Gníomhaíochta Peace IV Lú leithdháileadh táscach de €3.5 milliún in 2016. Leithdháileadh €2.24 milliún de sin in 2017.

Chuaigh an obair ar aghaidh i gcaitheamh na bliana ar thionscadail mhaoinithe ábhartha a fhorbairt go háirithe maidir le spriocanna trasteorann.

Cuireadh Clár Peace IV chun cinn go láidir san earnáil phoiblí i Lú.

## TIONSCADAIL MHAOINITHE:

1. CARTLANNA TORAIDH A OIRIÚNÚ
2. CLÁR SÍOCHÁNA MHUIRTHEIMHNE MÓR
3. CLÁR NA SÍOCHÁNA TRÍ EALAÍN ÓIGE
4. TIONSCADAL CINNIREACHTA SIBHIALTA
5. AG DUL DEISEAL
6. TIONSCADAL CAIPITIL MHUIRTHEIMHNE MÓR
7. CUIMHNEACHÁN COGAIDH DHÚN DEALGAN
8. AN PHÁIRC TRASNAITHE, DROICHEAD ÁTHA
9. IDIRGHABHÁLACHA CRUTHAITHEACHA
10. AN TSLÍ A THAISPEÁINT
11. TIONSCNAMH DEA-CHAIDRIMH
12. TIONSCADAL UM FHORBAIRT CUMAS POBAIL
13. CLÁR NA NDEONTAS BEAG



## Fuinneamh Nialais

Déanfar trí cinn de réitigh nuálacha agus todhchaíocha a thástáil sa tionscadal seo, agus baint ag gach ceann díobh le réigiún an Chláir um Fhorimeall Thuaidh agus an tArtach

Seo na réitigh:

- Treoir theicniúil agus lámhleabhar chun tacú le gnóthú riachtanais na Treorach EPB.
- Uirlisí úsáide teicniúla, láimhe agus tacaíochta chun gur féidir le húsáideoirí deiridh réitigh a cheapadh agus a chur i bhfeidhm a sháróidh na riachtanais reatha agus spárálfaidh suas le 50% ar ídiú fuinnimh na bhfoirgneamh.
- Uirlis tacaíocht cinnidh, a dearadh don réigiún, agus lenar féidir cinntí bunaithe ar fhianaise a dhéanamh maidir le foirgnimh ag úsáid anailís iomlán saolré bunaithe ar thosca eacnamaíocha, comhshaoil agus sochaíocha, le córas rátálacha agus caighdeán.

## Glasbhealach Loch Chairlinn

Cuireadh tús in 2017 ar an stiall idir Ó Meith agus an tIúr de Ghlasbhealach Loch Chairlinn. Measfar go n-osclófar an glasbhealach nua trasteorann idir Cairlinn agus an tIúr in 2020.

Is é Comhairle Contae Lú atá i gceannas ar an tionscadal €3.46 milliún atá á maoiniú ag an Aontas Eorpach, i gcomhar le Comhairle Dúiche an Iúir, Mhúrna agus an Dúin agus an East Border Region Ltd. Cuirfidh an stiall nua seo leis an nGlasbhealach idir Marina Chairlinn agus Ó Méith a bhfuil an-tóir air cheana féin. Is é Clár INTERREG VA an Aontais Eorpaigh a chuireann an cistiú ar fáil don tionscadal, faoi Bhainistíocht Chomhlacht na gClár Speisialta AE.

Is é aidhm Ghlasbhealach Loch Chairlinn comaitéirí carr trasteorann a 'thiontú' go córacha siúil agus rothaíochta chun na hoibre agus chun an oideachais ar bhonn rialta.





# Seirbhísí Tréidliachta

**RIALÚ MADRAÍ** IN AON AMHARC AMHÁIN

THÓG AN PÓNA ISTEACH **406** MADRA AGUS FUARTHAS BAILE NUA DO **91% DÍOBH SIN**

**5,430 CEADÚNAS MADRAÍ 22%** DÍOBH SIN Á IARRADH AGUS Á PRÓISEÁLADH **AR LÍNE**

BHÍ **RIALÚ MADRAÍ AR ARDLEIBHÉAL I GCÓNAÍ** AGUS EISÍODH **323 FÓGRA MUIREAR SEASTA**

## RIALÚ CAPALL

TUGADH **38 CAPALL** ISTEACH SA PHÓNA IN **2017**

Agus cé gur méadú beag é sin ar 2016, is treocht anuas atá ann i gcónaí ó bhuaic 2013 nuair a tugadh 145 capall isteach sa phóna.





3

## Tithíocht & Seirbhísí Dóiteáin

Déanann Comhairle Contae Lú gach iarracht chun cabhrú le muintir Lú **tithíocht chompordach, shábháilte agus inacmhainne a fháil**, agus aithnítear na riachtanais éagsúla cóiríochta atá ag daoine éagsúla. Is féidir cóiríocht a sholáthar trí scéimeannaéagsúla, nó cóiríocht atá ann cheana a oiriúnútrí scéimeanna deontas. a dhéanamh de Chontae Lú. Is féidir linn ar fáil Déileálann an Chomhairle le hiompraíocht fhrithshóisialta, cothabháil na cóiríochta agus cothabháil na gcuntas.

# Tithíocht

Bhainistigh Comhairle Contae Lú stoc tithíochta sóisialta de 4,020 in 2017, anuas ar 1,019 teach le cumainn formheasta tithíochta. Ba é €11.5milliún an teacht isteach ó chíosanna. Eisíodh ceithre fholáireamh as gan cíos a íoc agus athshealbhaíodh teach amháin ar an gcúis seo in 2017. Cuireadh Íocaíocht um Chúnamh Tithíochta ar fáil i gcás 1,969 tionóntacht. Ag deireadh na

## NEW HOMES

Chuir Comhairle Contae Lú 151 teach nua ar fáil in 2017. Chuige sin athchóiríodh trí cinn de thithe in anchaoi, ceannaíodh 39 teach, léasaíodh 99 teach agus cuireadh 10 dteach tréigthe ar fáil arís.

Cuireadh trí theach in anchaoi ag Bóthar Brugha, Droichead Átha, ar fáil arís in 2017 le cúnamh airgid ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Plean Gníomhaíochta Atógáil na hÉire-ann. Bhí uimhreacha 55-57 Bóthar Brugha, a tógadh sna 1950í dúnta suas ó 1983 i leith tar éis go dtángthas ar fhadhbanna struchtúrtha. Thosaigh an conraitheoir Bayview Contracts ag obair ar an láithreán i Márta 2017. Leagadh na seanfhoirgnimh agus tógadh trí cinn de thithe nua dhá sheomra leapa ina n-áit. Is tithe A-ráta fuinnimh iad na tithe nua agus tá teas faoin urlár agus gnéithe eile caomhnaithe fuinnimh iontu. a dhéanamh de Chontae Lú. Is féidir linn ar fáil don Chomhairle i Nollaig 2017.



*Bothar Brugha Roimh Ré*




*Bothar Brugha Níos Déanaí*

## COMHPHÁIRTÍOCHT LE COMHLACHTAÍ CEADAITHE TITHÍOCHTA CHUN TITHÍOCHT SHÓISIALTA A CHUR AR FÁIL

Tá Comhairle Contae Lú i mbun comhair le roinnt comhlachtaí ceadaithe tithíochta chun tithe a sholáthar do bhreis agus 300 teaghlach atá ar liosta feithimh do thithíocht shóisialta. Cuireadh tús le ceithre scéim tithíochta nua in 2017. Ina measc sin bhí Mount Hamilton, Dún Dealgan; Liscorrie, Droichead Átha; Scarlett Street, Droichead Átha, agus Castleguard, Baile Átha Fhirdhia. Scéim 140 teach atá in Mount Hamilton, 43 díobh do thithíocht shóisialta le Comhlacht Tithíochta Clúid. Scéim 117 teach is ea Liscorrie, 41 díobh a chuirfear ar fáil do thithíocht shóisialta le Comhlacht Tithíochta Tuath. Tá an Comhlacht Tithíochta Thuaidh & Thoir i mbun 15 teach nua a thógáil ar láithreáin an stáisiúin dóiteáin agus an charrchlóis ag Sráid Scarlett, Droichead Átha. I mBaile Átha Fhirdhia, tá Comhlacht Tithíocht Clúid ag cur 102 teach ar fáil i gCairlinn.

## TACÚ DO CHÓNAITHEOIRÍ LÚ ATÁ FAOI MHÍCHUMAS

Chuidigh Comhairle Contae Lú le tionóntaí de chuid na Comhairle, le hiarratasóirí tithíochta agus le húinéirí tithe príobháideacha faoi mhíchumas tithíocht oiriúnach a fháil.
Cuireadh cóiríocht ar fáil do 55 iarratasóir ar aistriú agus iarratasóir tithíochta faoi mhíchumas. Rinneadh oiriúnú ar 53 theach Comhairle chun go mbeidís oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas. Anuas ar sin, bhainistigh Comhairle Contae Lú deontais cúnaimh tithíochta do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas. Leithdháileadh €1.95m i ndeontais, comhdhéanta de 102 deontas oiriúnaithe tithe, 81 deontas cúnaimh tithíochta do dhaoine scothaosta agus 25 deontas cúnaimh soghluaisteachta.

Ar na hoiriúnaithe a rinneadh bhí leathnú ar sheomraí leapa ar an mbunurlár / seomra cithfholctha, seomraí folctha, ardaitheoirí staighre a sholáthar, rampaí rochtana agus ráillí.

## TITHÍOCHT IN AON AMHARC AMHÁIN

**4,020** DE STOC **TITHÍOCHTA** SÓISIALTA

**€11.5M** DE THEACHT ISTEACH Ó CHÍOSANNA

**26** TEAGHLACH TAISTEALAITHE SOCRUITHE I LÓISTÍN

**315** CIGIREACHT TIONÓNTACHTA

**2,343** AR AN LIOSTA TITHÍOCHTA

**151 TEACH NUA** CURTHA AR FÁIL

**229** TEACH **LEITHDHÁILTE**

**€1.95M** i gCABHAIR **DEONTAIS** CURTHA AR FÁIL CHUN **TITHE** A OIRIÚNÚ DO DHAOINE FAOI

**123 CÁS D'IOMPAIR** FHRITHSHÓISIALTA **IMSCRÚDAITHE**

TO LET

**238** CHÉAD CHIGIREACHT AR CHÓIRÍOCHT PHRÍOBHÁIDEACH AR CÍOS

**5,978** IARRATAS COTHABHÁLA

# Seirbhísí Dóiteáin

Bliain ghnóthach ab ea 2017 do Bhriogáidí Dóiteáin Lú, a d’fhreastail ar 1,257 dóiteán i Lú agus sa Mhí - méadú de 28 faoin gcéad ar an mbliain roimhe. Ba é sin an toradh ar roinnt dóiteán aitinn agus bruscair sa dara ráithe den bhliain.

Ghlac an bhriogáid dóiteáin seilbh ar shé cinn d’fhearais athláimhe ar míleáiste íseal in 2017 - cúig cinn d’innill uisce agus inneall dóiteáin éigeandála amháin. Ba é an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil a chuir an t-airgead ar fáil chucu siúd agus cinnteoidh na hinnill nua seo go mbeidh fearais ardchaighdeáin líne thosaigh agus fearais thánaisteacha ag Seirbhís Dóiteáin Lú.

Tar éis an dóiteáin in Túr Grenfell i Londain, rinne Rannóg Coiscthe Dóiteáin Lú suirbhé ar gach
foirgneamh ard sa chontae le cinntiú nach raibh aon fhadhbh sábháilteachta ann le cumhdú. Rinneadh measúnú, leis, ar gach áitreabh de dhá stór nó níos mó ina bhfuil tionóntaí na Comhairle ina gcónaí.

Bhí méadú ar líon na n-iarratas ar Dheimhniú Sábháilteachta Dóiteáin agus Deimhnithe Rochtana Míchumais, rud a léiríonn méadú suntasach ar thógáil i Lú i gcaitheamh 2017.



SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN IN AON AMHARC AMHÁIN

407%
MÉADÚ AR DHÓITEÁIN AITINN

DÓITEÁIN ARAIDE / SCIPE
NA DÓITEÁIN IS COITIANTA

1,257
CÁS

6 FEARAS DÓITEÁIN CEANNAITHE

149 IARRATAS AR DHEIMHNIÚ SÁBHÁILTEACHTA DÓITEÁIN

96 FAOI MHÍCHUMAS AN TEASTAIS ROCHTAIN IARRATAIS

DÚN DEALGAN
IONAD OILIÚNA
UASGHRÁDÚ TUGTHA

# 4

## Pobail

Is é cúram **Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Chomhairle Contae Lú**: forbairt eacnamaíocht, comhar, comhtháthú agus tacaíocht a chur chun cinn i measc pobail ghnó Lú. Cuireann an Coiste an maoirsiú agus an rialachas ar fáil d'fhorbairt pobail i gContae Lú.

## BALLRAÍOCHT AN CHOISTE FORBARTHA POBAIL ÁITIÚIL IN 2017

| Earnáil Phoiblí | |
|---|---|
| Comhairle Contae Lú | Cllr Colm Mackey - Chríochnaigh a théarma mar chathaoirleacht ag cruinniú |
| Comhairle Contae Lú | Cllr Dolores Minogue |
| Comhairle Contae Lú | Cllr Pearse McGeough |
| Comhairle Contae Lú | Cllr Liam Reilly - Tofa mar chathaoirleacht nua i M.F. 2017 |
| Oifigeach Chomhairle Contae | Joan Martin |
| Lú Oifigeach Chomhairle | Thomas McEvoy |
| Contae Lú Oifigeach ETB Lúna Mí | Sadie Ward McDermott |
| DSP | Anne Keeley |
| FS | Fiona Murphy - a háit gafa ag Anette McDonnell, deimhnithe ag CCL Iúil 2017 |

| Earnáil Phríobháideach | |
|---|---|
| Comhlacht Forbartha Áitiúil | Ciaran Reid |
| Leasanna Pobail & Dheonacha | Larry Magnier |
| Leasanna Pobail & Dheonacha | Eva Beirne - a háit gafa ag Joanne Finnegan, deimhnithe ag CCL Iúil |
| Deonacha Cuimsiú Sóisialta | Kevin Moran |
| Cuimsiú Sóisialta | Geordie Mc Ateer |
| Timpeallacht | Breffni Martin |
| Feirmeoireacht | Breeda Tuite - a áit gafa ag Matthew McGreehan deimhnithe ag CCL MF 2017 |
| Cumann Tráchtála Dhún Dealgan | Michael Gaynor |
| Cumann Tráchtála Dhroichead | Breanndán Casey |
| Átha ICTU - a áit gafa ag Ionad Saorálaithe | Frank O'Brien - a áit gafa ag Gráinne Berrill, deimhnithe ag CCL Iúil 2017 |

# LECP

D'ullmhaigh Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Lú (LCDC) plean sé bliana eacnamaíoch agus pobail áitiúil (LECP) i 2016 inar liostaíodh gníomhartha chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht agus le míbhuntáiste; tacú le fiontar, fostaíocht agus oilúint; bonneagar pobail a fhorbairt, agus forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn. Chuidigh tionscnamh agus imeachtaí áirithe le cur i bhfeidhm na ngníomhartha ó cheann ceann 2017, lena n-áirítear:

- **ÉASCÚ LÁRIONAID ÓIGE POBAIL I NDÚN DEALGAN, BAILE ÁTHA FHIRDHIA AGUS**
- **DROICHEAD ÁTHA POBAL PPN AGUS OÍCHE NA NDUAISEANNA D'OBAIR DHEONACH**
- **CUMARSÁID LEANÚNACH LE GRÚPAÍ POBAIL TRÍD AN COMMUNIQUÉ LEADER AN AOINE**
- **AGUS CLÁIR SICAP**
- **SCÉIM NA NÁISEANNA POBAIL AGUS ATH-THEILGIN (RAPID)**

Ról reachtúil de chuid an LCDC is ea maoirsiú a dhéanamh ar eilimint pobail an Choiste. Le linn 2017 rinne an Grúpa Stiúrtha Comhairleach athbhreithniú ar an dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na míreanna eacnamaíocha agus pobail den LECP. Rinneadh teagmháil le gach gníomhaireacht threorach pobail chun nuashonrú ar a gcuid gníomhaíochtaí a chur ar fáil. Cuireadh tuarascáil iomlán an LECP faoi bhráid Chomhairle Contae Lú.

# SICAP

Ba é 2017 an bhliain deiridh sa chlár reatha SICAP 2015-2017. Leagadh amach 11 ghníomhaíocht dhúshlánach i bPlean Bliantúil SICAP 2017 trasna trí spriocréimse chun teagmháil pobail, oideachas agus dífhostaíocht a fheabhsú i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Bhunaigh an LCDC fo-ghrúpa chun maoirsiú a dhéanamh ar chur i ngníomhchlár SICAP agus chun tuairisciú don LCDC ar a éifeachtaí a bhí na hidirghabhálacha.

*Ar na gnóthachtálacha suntasacha in 2017 bhí:*

- An Clár Cuir Tús Leis
- Míchumas Lú
- An Clár um Theaghlaigh a Neartú
- Cúram do Dhaoine Scothaosta
- Tacaíocht do Rochtain ar Oideachas Tríú Leibhéal

Thug an fo-ghrúpa tuairisc dhearfach don LCDC ar chur i ngníomh an phlean in 2017 agus dúradh gur comhlíonadh na spriocanna uile agus le cois. Cheap LCDC Lú Comhpháirtíocht LEADER Lú mar chomhlacht feidhmithe an chláir nua SICAP 2018-2022.

# LEADER

## COMHAONTÚ LEADER UM STRAITÉIS FORBARTHA ÁITIÚIL AGUS LEIBHÉAL SEIRBHÍSE

Tá grúpa áitiúil gníomhaíochta ag LCDC Lú. In 2016, chuir sé Straitéis Forbartha Áitiúil isteach ag iarraidh cistiú (timpeall €6.1 milliún) faoi eilimintí LEADER de Chlár na hÉireann um Fhorbairt na Tuaithe 2014-2020, a dhéanamh de Chontae Lú. Is féidir linn ar fáil.

Ceapadh an straitéis chun an cur chuige is fearr a aithint ó thaobh gníomhartha a dhéanamh ina ndírítear ar dhul i ngleic leis an bhochtaineacht agus le eisiamh sóisialta, go háirithe i bhfianaise na n-athruithe móra eacnamaíocha agus sóisialta a tharla le deich mbliana anuas.
Is é CCL príomh-chomhpháirtí airgeadais an ghrúpa áitiúil gníomhaíochta agus is é Comhpháirtíocht LEADER Lú a sholáthróidh formhór na ngníomhartha tionscadail agus gníomhachtúcháin a bhaineann le cur i ngníomh na straitéise.

Rinne an grúpa maoirsiú ar cheadú do thionscadail arbh fhiú €220,775.09 iad faoi chlár LEADER in 2017. Fuarthas os cionn 150 léiriú spéise agus eisíodh 19 conradh roimh dheireadh na bliana.

## LÍONRA RANNPHAIRTÍOCHTA POIBLÍ LÚ (PPN)

Is é Líonra Rannpháirtíochta Poiblí Lú an príomhnasc trína gceanglaíonn CCL le heagraíochtaí comhshaoil, cuimsithe sóisialta, pobail/deonacha. Ag deireadh bliana 2017, bhí 261 grúpa cláraithe le PPN Lú.

Rinne an PPN na forbairtí seo a leanas in 2017:

- Neartú cumais i measc grúpaí pobail
- Foilsíodh leabhrán cumarsáide PPN in 2017.
- Eagraíodh an dara hócáid de Dhuaiseanna Pobail & Deonacha PPN Lú i gCaisleán an Ghearlánaigh i Meán Fómhair 2017.
- Eagraíodh oiliúint Chéad Fhreagróra/ Garchabhrach i meánscoileanna do bhreis is 400 dalta idirbhliana agus cúigiú bliana.

# An tAonad Spóirt

Rinne an tAonad Spóirt cláir éagsúla a cheapadh agus a bhainistiú i gcaitheamh na bliana mar seo a leanas:

## IONAD SPÓIRT DHÚN DEALGAN

- Osclaíodh Ionad Spóirt Dhún Dealgan athfhorbartha in Eanáir 2017.
- Bronnadh Duais Náisiúnta Cara um Chuimsiú ar Ionad Spóirt Dhún Dealgan as a Champaí Uileghabhálacha i gclár spóirt an tsamhraidh.

## FORBAIRT SPÓIRT

Fuair CCL €92,500 ón gClár Caipitil Spóirt chun saoráid chathartha lúthchleasaíochta a fhorbairt i nDún Dealgan.

## COMHPHÁIRTÍOCHT ÁITIÚIL SPÓIRT (LLSP)

- Chuir Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Lú cláir ar fáil le linn 2017 do Sheachtain Náisiúnta na Rothar, An tSeachtain Náisiúnta um Chaitheamh Aimsire, an Lá Náisiúnta Spraoi, Seachtain na Scoileanna Gníomhacha, Seachtain Spóirt na hEorpa, Seachtain Fit 4 All, agus cláir eile.
- Eagraíodh Trí-Atlan na hIdirbhliana i mBealtaine 2017 ag Naomh Muire, Droim Chora. Bhí 130 dalta agus le cois ó sheacht gcinn de scoileanna páirteach ann.
- Fuair 15 club spóirt ar fud an chontae tacaíocht trí Scéim na nDeontas do Chlubanna Beaga.
- Eagraíodh trí cinn de chláir 'Ceannaireacht Spóirt' le linn 2017 agus oileadh 60 dalta idirbhliana mar cheannairí cúntas.
- Oileadh 255 duine i gcosaint leanaí i 22 cúrsa ar fud an chontae.
- Chuir Clár Cuimsithe Míchumais an LLSP 17 tionscnamh ar fáil in 2017 trínar tugadh deiseanna do leanaí agus do dhaoine fásta atá faoi mhíchumas fisiciúil nó foghlama bheith páirteach i raon leathan spórt agus gníomhaíochtaí.
- Fuair an LLSP cistiú trí Chiste na gCuntas Suain chun Lárionad Spóirt & Gníomhaíochta Fisiciúla a bhunú i Muirtheimhne Mór i nDún Dealgan.
- Rinneadh Plean Straitéiseach a cheapadh agus a fhoilsiú maidir le Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt Lú 2018-2022.





# Tacaíocht Pobail 2017

## COMÓRTAS NÁISIÚNTA NA MBAILTE SLACHTMHARA

Tá sártheist ag Lú de dhuaiseanna agus aitheantas a fháil ag Comórtas na mBailte Slachtmhara. In 2017, mhéadaigh gach ceann d'iontrálaithe Lú a gcuid marcanna ar an mbliain roimhe. Bronnadh boinn óir ar na Creagacha Dubha, Droichead Átha, Dún Dealgan agus Baile an Tallúnaigh. Bronnadh Bonn Airgid ar Bhaile Átha Fhirdhia agus Bonn Cré-Umha ar Dhroichead an Chnoic. Bronnadh duaiseanna i gcatagóirí speisialta, leis: bhuaigh Tigh Beannáin an 'Duais don Tascfhórsa um Bruscair Ghuma' agus Dún Léire an 'Duais do Thionscadal Crann' Bhuaigh Cairlinn an 'Duais do Chosc Dramhaíola' agus bhí na Creagacha Dubha sa dara háit don 'Duais d'Fhorbairt Inbhuanaithe'.

## DUAISEANNA LÚ AG FÉACHAINT GO MAITH

Bronnadh Duaiseanna Lú Ag Féachaint go Maith Déardaoin an 9 Samhain 2017. Ba é Coiste Bhailte Slachtmhara na gCreagacha Dubha na buaiteoirí iomlána agus bhain Baile an Tallúnaigh agus Droim Ineasclainn an dara agus an tríú duais faoi seach. Ba é Baile Átha Fhirdhia a bhuaigh an duais don 'Baile is mó Feabhas', agus bhuaigh Dún Léire 'Duais Speisialta na Moltóirí'. Bhuaigh Clós na Manach i gCairlinn an duais don 'Eastát Tithíochta is fearr' i Lú.

## DUAISEANNA DHROICHEAD ÁTHA AG FÉACHAINT GO MAITH

Bronnadh Duaiseanna Dhroichead Átha ag Féachaint go Maith Déardaoin, an 12 Deireadh Fómhair, in Óstán 'D', Droichead Átha. Ceiliúradh bliantúil is ea na duaiseanna ar thiomantas agus spiorad pobail na ngrúpaí cónaitheoirí, saorálaithe agus an phobail ghnó i nDroichead Átha. Bronnadh dhá dhuais speisialta i mbliana, an chéad cheann do 'Cuidiú as Cuimse le hOidhreacht Dhroichead Átha' a bronnadh ar an tSeanmhainistir as an athrú ó bhun a rinneadh air. Bronnadh 'Duais Speisialta do Rannpháirtíocht Neamhghnách Pobail' ar an Mhonaidh Mhór as an iontráil as cuimse a rinne siad sa chomórtas 'Mórtas Áite'.

## DUAISEANNA DHÚN DEALGAN AG FÉACHAINT GO MAITH

Bronnadh Duaiseanna Dhún Dealgan ag Féachaint go Maith Déardaoin, an 19 Deireadh Fómhair ,in Amharclann na Tána, Dún Dealgan. Buaicphointe d'fhéilire na Comhairle i nDún Dealgan is ea na duaiseanna agus is cuí an ócáid chun luach a saothair a bhronnadh orthu siúd a dhéanann a ndícheall chun go mbeidh Dún Dealgan ag féachaint go maith. Bronnadh roinnt duaiseanna ar ionadaithe ó eastáit áitiúla, lena n-áirítear Móinéar Uí Chearúill, An Seandroichead agus Áth Leathan. Bhuaigh Páirt Mhullaigh Chairlinn an duais don 'Eastát is mó Feabhas' agus bhuaigh Teach Sochraide Uí Chuinn an duais don 'Áitreabh Gnó is Fearr'.

## CLÁR NA SCOILEANNA GLASA

Bronnadh bratacha glasa ar chúig scoil déag i Lú as gníomhaíochtaí a bhí dírithe ar théamaí lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, taisteal, fuinneamh agus uisce.

## DUAISEANNA COMHSHAOIL 'FÁS' DO BHUNSCOILEANNA

Is acrainm iad na duaiseanna seo ar 'Glas'. 'In-athnuaite', 'Orgánach' agus 'Íoslaghdú Dramhaíola' agus féachtar leo le duaiseanna a bhronnadh ar scoileanna áitiúla as a n-iarrachtaí móra chun a dtimpeallacht a dhéanamh níos glaine, níos glaise, agus níos inbhuanaithe. Bronnadh na duaiseanna ar an 15 Meitheamh san Óstán Crowne Plaza. I measc na bhfaighteoirí bhí Scoil Náisiúnta Naomh Finian i mBaile an Diolúnaigh a bhuaigh duais mhór 'Scoil na Bliana' agus Scoil Náisiúnta na Mainistreach i mBaile Átha Fhirdhia a bhuaigh an duais don 'Tionscadal Speisialta is Fearr' as dramhaíl leictreach a roghnú.

## TRASHION FASHION

Bhí 180 mac léinn agus le cois ar fud Lú páirteach sna cúigiú Duaiseanna bliantúla Trashion Fashion in Eanáir 2017 agus bhí 55 dearadh ar taispeáint. Eagraítear an comórtas i gcomhar le Comórtas Bhailte Slachtmhara Lú in Éineacht, chun ardán a thabhairt do mhic léinn dara leibhéal chun a gcruthaitheachtaí inbhuanaithe faisin a thaispeáint.

## COMÓRTAS FILÍOCHTA DO NOLLAIG NÍOS GLAISE

Comórtas do bhunscoileanna áitiúla is ea an Comórtas Filíochta do Nollaig níos Ghlaise a chruthaíonn feasacht ar dhramhaíl neamhriachtanach um Nollaig agus a thaifeadann iontrálacha na leanaí a bhuaigh duaiseanna mar fhógraí coiscthe dramhaíola le linn shéasúr na Nollag. Ba í Scoil Mhuire na Trócaire buaiteoirí iomlána chomórtas 2017.

## CLÁR

Tacaíonn an clár seo le hidirghabhálacha a dhéanann scoil/timpeallacht áise pobail níos sláintiúla agus níos sábháilte do leanaí atá ag dul ar scoil, agus do leanaí agus daoine fásta a úsáideann na háiseanna pobail. Cheadaigh seacht gcinn de scoileanna €205,175 de mhaoiniú in 2017. Cuireann an clár tacaíocht ar fáil do bhreisiú na limistéar súgartha atá ar fáil i scoileanna/áiteanna pobail nó chun cinn nua a chur ar fáil. Ceadaíodh €40,694 de chistiú do thrí thionscadal in 2017.

## BRATACH GHORM

Choimeád Lú Bratacha Gorma in 2017 i gcás na dtránna ag Ceann Chlochair, an Port agus Baile an Teampaill. Tá an Bhratach Ghorm ar cheann de na héicea-lipeid is mó aitheantas ar domhan. Bronntar é ar thránna agus marinaí a bhfuil sárchaighdeán uisce acu agus a shroicheann caighdeáin arda i raon critéar eile lena n-áirítear oideachas comhshaoil, bainistíocht comhshaoil, caighdeán an uisce agus sábháilteacht.

## MÓRTAS ÁITE

Admhaítear i nDuaiseanna Uile-Oileán Mórtas Áite an méid a dhéanann saorálaithe agus daoine a oibríonn i bhforbairt áitiúil pobail. Tá teist láidir ag Lú sa chomórtas seo.

Ag duaiseanna 2016, ainmníodh Fondúireacht Maria Goretti, atá lonnaithe i nDún Dealgan, mar bhuaiteoir náisiúnta sa chatagóir 'Pobal ag Síneadh Láimhe Amach'.

## SCÉIM ATHNUACHANA BAILTE AGUS SRÁIDBHAILTE

Críochnaíodh ocht gcinn de thionscadail phobail ar fud Lú i 2017 le cistiú a fuarthas faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte. Bunaíodh an scéim chun sráidbhailte agus bailte a athbheochan chun timpeallacht oibre agus cónaithe na bpobal iontu a fheabhsú. Fuarthas €380,000 san iomlán i gcistiú faoin scéim.

## LÚ AOISCHAIRDIÚIL

Threoraigh Comhaontas um Chontae Aoischairdiúil Lú roinnt tionscnamh sa chontae i 2017 agus d'oibrigh na gníomhaireachtaí ar fad le chéile chun sláinte agus folláine daoine scothaosta a chur chun cinn agus a choimeád, agus chun áit mhaith le dul in aois ann a dhéanamh den chontae. Ar bhuaicphointí na bliana bhí:

- Meabhrán Tuisceana a síníodh an DkIT agus a gcomhpháirtithe i seirbhísí pobail aoischairdiúla (Comhairle Contae Lú agus FSS), mar aon le ALONE, an eagraíocht náisiúnta a chabhraíonn le daoine scothaosta fanacht ina dtithe féin. Faoin Mheabhrán Tuisceana, ghabh ALONE oibriú roinnt seirbhísí a sholáthraíonn saorálaithe, agus a cheap DkIT air féin in aistriú gnóthas. Faoin socrú nua seo, déanfar na seirbhísí a fhorbairt agus a leathnú, rud a bhreiseoidh a inmharthana atá siad agus cuirfear lena bhfás áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta.
- Clár Ambasadóirí Fuinnimh Bhord Forbartha Pobail Dhún Léire. Féachtar leis an gclár seo le daoine a oiliúint le bheith níos tíosaí ar fhuinneamh ina dtithe féin chun díriú ar thearcrochtain fuinnimh agus a bheith slán sábháilte ina dtithe féin.




## COMHAIRLE NA NÓG

D'oibrigh Comhairle na nÓg Lú ar thionscadal feasachta meabhairshláinte in 2017 as ar lean leabhrán dar teideal "Breathe" ina bhfaighfear eolas ar mheabhairshláinte daoine óga agus cad is cóir a dhéanamh má thugann tú fadhb le do mheabhairshláinte faoi deara. Chuir an Chomhairle tuarascáil ar fáil maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an mBratimeacht ar dhaoine óga ar fud réigiún na teorann, tuarascáil a chuir siad faoi bhráid na bhFeisirí Eorpacha sa Bhruiséil i nDeireadh Fómhair 2017. Gheofar sa tuarascáil sraith moltaí ar oideachas, iompar, cearta daoine óga agus an fhostaíocht.

## AN CISTE UM ÉIRE SHLÁINTIÚIL

Rinne Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Lú togra maoinithe leis an Roinn Sláinte in 2017 faoin Chlár an Chiste um Éire Shláintiúil. Seo a leanas na comhpháirtithe sa togra:

| Tionscadal | Ceannaire an Tionscadail | Leithdháileadh |
|---|---|---|
| Lú Sláintiúil | CCL le haghaidh an LCDC | €20,000 |
| I dtreo Chóras Monatóireachta do Lú Sláintiúil | DkIT, Netwell CASALA le haghaidh LCDC | €20,000 |
| Tionscadal Sláinte Óige | Ionad Óige Dhún Dealgan le haghaidh LCDC | €25,000 |
| Pilates do Dhaoine Scothaosta | Ionad Acmhainne Teaghlaigh 'Connect' le haghaidh LCDC | €10,600 |
| Ballraíocht i Líonra Cathracha agus Contaetha Sláintiúla Éireann | LLP le haghaidh LCDC | €2,500 |
| Cúrsa Tosaigh Aclaíochta & Folláine | LLP le haghaidh LCDC | €15,000 |
| Ranganna Stíl Mhaireachtála Sláintiúla | ALONE le haghaidh LCDC | €5,000 |

SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE IN AON AMHARC AMHÁIN

250,409 CUAIRT AR BHRAINSÍ LIBRARY BRANCHES LEABHARLAINNE
5% DE MHÉADÚ AR 2016

229 EVENTS HELD ACROSS 5 BRANCHES

414,836 MÍR EISITHE
13% DE MHÉADÚ AR 2016

12,372 BALL LEABHARLAINNE
18% DE MHÉADÚ AR 2016

805 CUAIRT PHOBAIL AR AN TSEIRBHÍS TAISTIL

134 CUAIRT AR LEABHARLANN SCOILE

# Seirbhísí Leabharlainne, Cartlainne agus Músaeim

## AN CLÁR LITEARTHACHTA 'CEART LÉIMH'

Is creat náisiúnta é an Clár Litearthachta Ceart Léimh le haghaidh obair litearthachta i ngach údarás áitiúil. Ar bhuaicphointí chlár Lú bhí:

**'Spring into Storytime'**
Ghlac os cionn 185 páiste agus 89 duine fásta páirt i naoi gcinn de sheisiúin scéalaíochta i Leabharlanna Lú mar chuid den tionscnamh náisiúnta scéalaíochta seo chun ceiliúradh a dhéanamh ar a thábhachtaí atá sé go léifeadh teaghlaigh leabhair le chéile agus go gcomhroinnfidís scéalta.

**Clár Léitheoireachta Réaltaí an tSamhraidh Chláraigh** 1,120 leanbh le bheith páirteach in 18 imeacht inar díríodh ar leanaí a spreagadh chun leanúint den léitheoireacht ar feadh an tsamhraidh.

**Campaí Litearthachta & Uimhearthachta na Leabharlainne** le haghaidh Scoileanna Deis
Cuir leabharlanna Dhún Dealgan agus Droichead Átha raon gníomhaíochtaí spraoi ar fáil do leanaí a bhí rannpháirteach i gCampaí Samhraidh Litearthachta agus Uimhearthachta.

**Féile Leabhar na bPáistí**
D'óstáil Leabharlann Lú roinnt imeachtaí comhoibritheacha chun forbairt léitheoirí agus an litearthacht a chur chun cinn le linn Fhéile Leabhar na bPáistí i nDeireadh Fómhair 2017 le clár cuairteanna ó údair, scéalaíocht agus ceardlanna ealaíon. Buaicphointe ab ea an comhar idir Leabharlann Dhroichead Átha agus Ionad Ealaíon Dhroichead Átha chun imeachtaí a chur ar fáil do pháistí, lena n-áirítear seisiúin scéalaíochta agus seónna puipéad gach Satharn i nDeireadh Fómhair 2017.

**Tionscnaimh Litearthachta do Dhaoine Fásta**
D'óstáil Leabharlann Dhún Dealgan cúrsa Béarla do chúrsaí fostaíochta agus féinfhostaíochta mar ar cabhraíodh le daoine nach é an Béarla a máthairtheanga CV agus iarratais ar phoist a líonadh isteach scileanna agallóireachta a shealbhú agus bréagagallaimh a dhéanamh. Eagraíodh cúrsa Béarla do chainteoirí teangacha eile i gcomhar leis an LMETB i Leabharlann Dhroichead Átha.



## IS FIÚ AN OBAIR (WORK MATTERS)

Tacaíonn an tionscnamh seo (Is fiú an obair/Work matters) le lucht gnó, fiontair agus fostaíochta sa phobal áitiúil, trí thacú le daoine aonair fostaíocht a fháil, slí bheatha a athrú nó a gcuid gnó féin a thosú nó a fheabhsú. Áirítear ar acmhainní an tionscnaimh spásanna oibre ar leith i dtrí cinn de leabharlann, WiFi saor in aisce, ríomhaire glúine nó ríomhaire le húsáid, leabhair agus eolas gaolmhar, clár post agus Clár Is fiú an Obair d'imeachtaí, cainteanna agus ceardlanna. Le linn 2017, cuireadh an tionscnamh ar fáil ón áit tosaigh i nDún Dealgan anonn go leabharlann Bhaile Átha Fhirdhia agus Dhroichead Átha bunaithe ar dheontas caipitil i gcabhair. Mar chuid den tionscnamh seo, cuireann gach aonad Is fiú an Obair (Work Matters) tacaíochtaí agus acmhainní faisnéise a bhaineann le gnó agus fostaíocht , imeachtaí agus seirbhísí, WiFi saor in aisce, stáisiún oibre ainmnithe le seirbhísí ríomhaireachta, priontála agus fótachóipeála.

## IONAD EOLAIS 'EUROPE DIRECT' AG LEABHARLANN DHÚN DEALGAN

I measc bhuaicphointí Chlár Ionad Eolais 'Europe Direct' 2017 bhí:

- Oiliúint meán sóisialta chun gnó a threisiú do thrádálaithe áitiúla i nDún Dealgan agus i nDroichead Átha.
- Ceardlanna Agrikids do leanaí ar a thábhachtaí atá sábháilteacht ar an bhfeirm agus fadhbanna maidir le bithéagsúlacht.
- Rannpháirtíocht EDIC in imeachtaí mórscála ar nós Business Expo in Ionad Siopadóireachta na Riasca agus Seó Talmhaíochta Chontae Lú.
- Comórtas Bliantúil Ardán Cainte ar théama na 'Bratimeachta: Deis na hÉireann' i Leabharlann Dhún Dealgan. Chuaigh an buaiteoir, Leah O'Shaughnessy (faoi 18) ó Mheánscoil San Uinseann, ar aghaidh chun an craobh cheannais den Ardán Cainte Náisiúnta a bhuachan san Ospidéal Ríoga i gCill Mhaighneann i Samhain 2017.

## ÉIRE SHLÁINTIÚIL AG DO LEABHARLANN

Cuireadh tionscnamh 'Éire Shláintiúil ag do Leabharlann' de chuid na Roinne Sláinte ar fáil ó Leabharlanna Lú le linn na tríú ráithe de 2017 chun raon acmhainní seirbhísí agus tacaíochtaí a chur ar fáil d'úsáideoirí agus do phobail ag féachaint le leabharlanna áitiúla a chur chun cinn mar ionaid 'gabh chuig' maidir le sláinte agus folláine. Cuireann gach leabharlann i Lú bailiúchán leabhar sláinte agus folláine, ríomhfhoinsí agus clár imeachtaí bainteach le sláinte ar fáil le sé cinn de réimsí a bhaineann leis an tsláinte: óige shláintiuil, nósanna itheacháin sláintiúla agus maireachtáil ghníomhach, folláine agus meabhairshláinte, aosú dearfach, alcól agus tobac. Cuireadh oiliúint bhreise ar fhoireann na leabharlann le cinntiú go bhfaigheann an pobal faisnéis ábhartha sláinte agus folláine ach é a iarraidh in aon cheann de chúig leabharlann Lú.



## FOGHLAIM AR FEADH AN TSAOIL

Chuir Cosáin, Pobail ag fáil Rochtana ar Oideachas, clár 14 seachtaine ar fáil i Leabharlanna Dhún Dealgan agus Dhroichead Átha i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan agus Comhpháirtíocht LEADER Lú i gcaitheamh na bliana. a dhéanamh de Chontae Lú. Is féidir linn ar fáil Féachtar sa chlár leis an eagla a bhaint de dhul isteach in oideachas tríú leibhéal agus thug léargas do rannpháirtithe ar dheiseanna oideachais.

## OÍCHE CHULTÚIR

D'óstáil Leabharlann Dhún Dealgan an scéalaí cáiliúil Jack Lynch a thug taitneamh do lucht éisteachta mór i seanchas béil na hÉireann ina raibh rianta den bhéaloideas agus miotais ársa na hÉireann. Ina dhiaidh sin, ghlac an lucht féachana páirt i seisiún traidisiún ceoil agus rince. Ba é Oireachtas na Gaeilge a mhaoinigh an ócáid.

## SEIRBHÍS CHARTLAINNE CHONTAE LÚ

Deirtear i ráiteas bunchuspóra Chartlanna Contae Lú "cartlanna mórluachmhara poiblí agus príobháideacha Chontae Lú a shainaithint, a chaomhnú a chur ar fáil." Go dtí seo tá tuairim is 260,000 mír aonair bailithe ag an tSeirbhís. Cuireadh go mór leo in 2017 nuair a fuarthas grúpa páipéar teaghlaigh, cead taistil áitiúil ó Óglaigh na hÉireann, dhá cheann de bhonn cuimhneacháin 1916-2016 agus páipéir oibre Thionscadal Ainmneacha Allamuigh Lú.

Ar na bailiúcháin a catalógaíodh in 2017 bhí páipéir de chuid sagairt áirithe de Chontae Lú ón 20ú haois luath; doiciméid de chuid Shaorstát na hÉireann agus ábhar taighde "Dún Dealgan: Stair Mhíleata."

## MÚSAEM AN CHONTAE, DÚN DEALGAN

Is taispeántas é 'One Team, One Dream' ina gcomóirtear a bhfuil bainte amach ag ceann de na clubanna sacair is mó rath in Éirinn - osclaíodh Dundalk FC i Meán Fómhair 2017 ag Músaem an Chontae, Dún Dealgan, beidh sé ar siúl go dtí Meitheamh 2018. Cuireadh ar taispeáint sa taispeántas seo raidhse mhór déantán trínar aibhsíodh ní amháin stair an chlub, ach na hathruithe atá tagtha ar an gcluiche in Éirinn. I measc na mbuaicphointí bhí:

- An geansaí cúl báire a chaith Charlie Tizard mar bhall de Chraobh na hÉireann XI i gcluiche in aghaidh Craobh na hÉireann in 1939
- Sraith bonn a bhuaigh Jimmy McArdle, lena n-áirítear bonn Mionúr Uile-Éireann le Lú ó 1936 agus bonn Chorn FAI le Dún Dealgan ó 1941/2.
- Geansaí na hÉireann a bhain le Tommy McConville
- Balla aitheantais de phríomhimreoirí an chlub.

Téamaí i mbliain an Mhúsaeim ab ea 'téama an ionannais agus téama na háite' agus seoladh comhthionscadal le Coiste Dhún Dealgan na mBailte Slachtmhara. 'Forgotten Heroes' an teideal atá ar an taispeántas meirgí seo ina bhfuil 12 ghrianghraf de shaoránaigh de Dhún Dealgan a bhain cáil dhomhanda amach as an scríbhneoireacht, an spórt, an taiscéaladh agus an innealtóireacht ach ní bhfuair siad an t-aitheantas cuí. Lean an Músaem mar ósta ar imeachtaí éagsúla cultúrtha lena n-áirítear léachtaí; taispeántais ealaíne; turais siúil ar Dhún Dealgan; clár scoileanna lena n-áirítear turais threoraithe ar an Músaem, ranganna ar an tslí le do bhailiúchán a chaomhnú, agus tuilleadh nach é.






# 5

## Oibríochtaí, Seirbhisí Áitiúla & Seirbhísí Uisce

| Meán Fómhair 2017<br>28-30/09 Seimineár LAMA an Fhómhair<br>14/09 Oiliúint AILG<br>23/09 Oiliúint AILG<br>13/09 Oiliúint Baile & Co-op | Cluain Meala<br>Baile Mhic Gormáin<br>Corcaigh<br>Cill Chainnigh | Na Cllrs. McGahon/Smith/Tenanty/Tully<br>An Cllr. Tuly<br>An Cllr. Tenanty<br>An Cllr. Tenanty | 4<br>1<br>1<br>1 |
| Deireadh Fómhair 2017<br>29/09-01/10 Seimineár an Fhómhair<br>12/10-13/10 Oiliúint AILG<br>21/10 Oiliúint AILG | Beanntraí<br>Sligeach<br>Cora Droma Rúisc | Na Cllrs. Callan/Culhane/Smith/Tenanty<br>Na Cllrs. McGahon/Tenanty/Tully<br>An Cllr. Tully | 4<br>3<br>1 |
| Samhain 2017<br>18/11 Oiliúint AILG - Dóiteán & Éigeandáil | Dún Bóinne | Na Cllrs. Tenanty/Tully | 2 |
| Nollaig 2017<br>7/12-16/12 Ace Training - Powerpoint | Cloich na Coillte | An Cllr. Tully | 1 |
| | | Total | **36** |

# Íocaíochtaí le Comhaltaí as Cruinnithe, Coistí & Ionadaíocht

| Íocaíochtaí le Comhaltáí d'Údaráis Áitiúla Lú | Comhairle Contae Lú |
|---|---|
| Líon na gcruinnithe Comhairle agus Coiste | 97 |
| Liúntas do Costais Bhliantúla (taisteal, cothabháil & costais ilghnéitheacha m.sh. postas) Iomlán na gcostas a íocadh le comhaltaí as freastal ar chruinnithe den Chomhairle agus dá coistí | €106,907.32 |
| Íocaíocht ionadach | €476,980.40 |
| Liúntas an Chathaoirligh | €18,329.32 |
| Liúntas an Leaschathaoirligh | €3,666.66 |
| Cathaoirligh na SPCanna/MPCanna | €22,000.00 |
| Cathaoireach na gCeantar Bardasach | €27,500.00 |
| Fóin Póca/Blackberry | €11,335.92 |
| Costais freastail ar chomhdh álacha agus oiliúint srl.<br>(a) Sa bhaile<br>(b) Thar lear | <br>€12,010.87<br>€4,162.21 |

# Miondealú ar an gcaiteachas

*Maidir leis na SPCanna, etc. SPC (Coiste Beartais Straitéisigh): Baile an Choiste 2014 - 2019*

**SPC - Tithíocht, Pobail, Pleanáil & Seirbhísí Éigeandála**

An Cllr. Joanna Byrne, Cathaoirleach
An Cllr. Jim Tenanty
An Cllr. Maeve Yore
An Cllr. Ruairí ÓMurchú
An Cllr. Pearse McGeough
An Cllr. Paul Bell
An Cllr. Liam Reilly
An Cllr. Tommy Byrne
Mr. Pat McCormick Forbairt/Tógáila
Mr. Colm O'Hanrahan, Ceardchumainn
Mr. Aubrey Halley, Ionadaí Pobail/Deonaigh PPN
Mr. Garrett Weldon, Ionadaí Cuimsithe Sóisialta, PPN

**SPC Pleanáil agus Comhshaol**

An Cllr. Maria Doyle, Cathaoirleach
An Cllr. Richie Culhane
An Cllr. Peter Savage
An Cllr. Antóin Watters
An Cllr. Anne Campbell
An Cllr. John McGahon
Mr. Michael Smyth, Talmhaíocht/Feirmeoireacht
Mr. Eddie Phelan, Gnó/Tráchtáil
Mr. Richie Barry, Pobal/Deonach
Mr. Breffni Martin, Comhshao/Caomhnú

**SPC - Forbairt Eacnamaíoch & Tacaíocht Fiontar**

An Cllr. Mark Dearey,
Cathaoirleach An Cllr. David Saurin
An Cllr. Tomás Sharkey
An Cllr. Kevin Callan
An Cllr. Marianne Butler
An Cllr. Conor Keelan
An Cllr. Pio Smith
Mr. Ciaran McDonnell, Talmhaíocht/Feirmeoireacht
Mr. Eddie Phelan, Forbairt/Tógáil
Mr. Simon McCormack, Gnó/Tráchtáil
Mr. Pat Mulligan, Pobal/Deonach
Ms. Karen Devine, Comhshaol/Caomhnú

**SPC: Bonneagar, Gnóthaí Eorpacha agus Trasteorann & Fuinneamh Inbhuanaithe**

An Cllr. Emma Coffey, Cathaoirleach
An Cllr. Oliver Tully
An Cllr. Edel Corrigan
An Cllr. Kenneth Flood
An Cllr. Colm Markey
An Cllr. Frank Godfrey
An Cllr. Dolores Minogue
Mr. Matthew McGreehan, Talmhaíocht/Feirmeoireacht
Mr. Paddy Malone, Gnó/Tráchtáil
Mr. Martin Fealy, Pobal/Deonach

# Miondealú ar an Ionadaíocht

*Maidir le Baill na gCoistí Ceantar Bardasach 2014 - 2019*

**Ceantar Bardasach Dhún Dealgan**
An Cllr. John McGahon, Cathaoirleach
An Cllr. Mark Dearey
An Cllr. Maria Doyle
An Cllr. Marianne Butler
An Cllr. Emma Coffey
An Cllr. Edel Corrigan
An Cllr. Anne Campbell
An Cllr. Conor Keelan
An Cllr. Ruairí Ó Murchú
An Cllr. Peter Savage
An Cllr. Tomás Sharkey
An Cllr. Maeve Yore
An Cllr. Antóin Watters

Líon na gcruinnithe 2017-12

**Ceantar Buirge Dhroichead Átha**
An Cllr. Pio Smith, An Méara
An Cllr. Oliver Tully
An Cllr. Paul Bell
An Cllr. Tommy Byrne
An Cllr. David Saurin
An Cllr. Richie Culhane
An Cllr. Kenneth Flood
An Cllr. Frank Godfrey
An Cllr. Joanna Byrne
An Cllr. Oliver Tully

Líon na gcruinnithe 2017-13

**Ceantar Bardasach Átha Fhirdhia**
An Cllr. Liam Reilly, Cathaoirleach
An Cllr. Dolores Minogue
An Cllr. Tom Cunningham
An Cllr. Colm Markey
An Cllr. Pearse McGeough
An Cllr. Jim Tenanty

Líon na gcruinnithe 2017-12

**An Coiste Iniúchóireachta**
An Dr. Philip Byrne
Mr. Richard Bowden, Bowden Walsh & Co.
Mr. Billy Doyle, CEO, Dundalk Credit Union
An Cllr. Kevin Callan
An Cllr. Conor Keelan

# Struchtúr an Chomhchoiste Póilíneachta

**Fóram Póilíneachta Áitiúla Dhún Dealgan**
An Cllr John McGahon (Cath)
An Cllr Emma Coffey
An Cllr Marianne Butler
An Cllr Edel Corrigan
An Cllr Mark Dearey
An Cllr Maria Doyle
An Cllr Anne Campbell
An Cllr Conor Keelan
An Cllr Ruairí Ó Murchú
An Cllr Peter Savage
An Cllr Tomás Sharkey
An Cllr Maeve Yore
An Cllr Antoín Watters
Imelda Munster, TD
Gerry Adams, TD
Peter Fitzpatrick, TD
Declan Breathnach, TD
Fergus O'Dowd, TD
An Seanadóir Gerald Nash
An Príomhcheannfort Christy Mangan
An Ceannfort Gerard Curley
Frank Watters (An Colún Gnó)
Matthew McGreehan (An Colún Feirmeoireachta)
John Temple
Pat Mc Veigh
Joe McGuinness, Stiúrthóir Seirbhísí
Frank Pentony, Stiúrthóir Seirbhísí

**Fóram Póilíneachta Áitiúla Átha Fhirdhia**
An Cllr Pearse McGeough (Cath)
An Cllr Tom Cunningham
An Cllr Colm Markey
An Cllr Dolores Minogue
An Cllr Liam Reilly
An Cllr Jim Tenanty
Imelda Munster, TD
Gerry Adams, TD
Peter Fitzpatrick, TD
Fergus O'Dowd, TD
An Teachta Declan Breathnach
An Seanadóir Gerald Nash
An Príomhcheannfort Christy Mangan
An Ceannfort Fergus Treanor
David Ring (An Colún Gnó)
Denis Brennan (An Colún Feirmeoireachta)
Hugh Conlon, Ionadaí Deonach
Joe McGuinness, Stiúrthóir Seirbhísí
Mary G Reilly, Oifigeach Riaracháin

**Fóram Póilíneachta Áitiúla Dhún Dealgan**
An Cllr Kenneth Flood (Cath)
An Cllr Paul Bell
An Cllr Tommy Byrne
An Cllr Kevin Callan
An Cllr David Saurin
An Cllr Richie Culhane
An Cllr Frank Godfrey
An Cllr Joanna Byrne
An Cllr Pio Smith
An Cllr Oliver Tully
Imelda Munster, T.D.
Declan Breathnach, TD F
ergus O'Dowd, TD
Peter Fitzpatrick, TD
Gerry Adams, TD
An Seanadóir Gerald Nash
An Príomhcheannfort Christy Mangan
An Ceannfort Andrew Watters
David McCloskey (An Colún Gnó)
Nicholas Sullivan (An Colún Feirmeoireachta)
(Grúpaí Cónaitheoirí)
Flora Okobi
Tony Mullins
Paddy Donnelly, Stiúrthóir Seirbhísí
Joe McGuinness, Stiúrthóir Seirbhísí

Ceannaireacht
a thabhairt agus seirbhísí
ardchaighdeán,
freagrúla, éifeachtacha, dírithe ar an
saoránach, a chur ar fáil"

**Comhairle Contae Lú**
Plean Corparáideach 2014 - 2019
**Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn**

Ráiteas Bunchuspóra:

*"Ceannaireacht a thabhairt agus seirbhísí ardchaighdeán, freagrúla, éifeachtacha, dírithe ar an saoránach, a chur ar fáil"*

# **SPRIOC 1** Cúram do

*'Go bhfuil fáil ag mhuintir Lú ar sheirbhís phoiblí fhreagrúil, a léiríonn comhbhá leo trí éisteacht leo agus bheith cásmhar leo agus seirbhís a thabhairt ar shlí ghairmiúil éifeachtach ar chostas'*

| Cuspóir | Dul chun |
|---|---|
| An tseirbhís uainn a bheith cuimsitheach agus meas a léiriú. | Cuirtear oiliúint go rialta ar an fhoireann atá ann agus ar bhaill foirne nua ionas go gcuirfear seirbhís ar fail a chloíonn le luachanna na Cairte do Chustaiméirí. |
| Táscairí seirbhísí agus táscairí áitiúla atá bainteach leis an gcustaiméir. | Tríd an gcaidreamh a bhíonn aici le húdaráis áitiúla eile, tá Comhairle Contae Lú ag iarraidh sraith táscairí seirbhísí a cheapadh do sheirbhísí do. |
| Cultúr feabhais ó thaobh sheirbhís do chustaiméirí. | Déanann Comhairle Contae Lú athbhreithniú rialta ar a nósanna imeachta agus ar a fheidhmíocht |
| An eagraíocht a dhéanamh níos so-rochtana trí úsáid na teicneolaíochta. Glacadh le deiseanna meán sóisialta chun é sin a bhreisiú. | Trí Twitter a úsáid, sroicheann an Chomhairle níos mó daoine gach bliain agus cinntítear go bhfaigheann an pobal eolas atá cothrom le dáta ar gach gné den tseirbhís a chuirimid ar fáil. |
| Forbairt leanúnach ar chomhéadain na seirbhíse do chustaiméirí, go pearsanta. | Déanann an Chomhairle measúnú rialta ar an tslí a gcuirtear na seirbhísí ar fail ar mhaith le hiad a nuashonrú agus a fheabhsú ar bhonn leanúnach. |

# **SPRIOC 2** Tithíocht & Forbairt Pobail

*'Pobail inbhuanaithe a éascú trí chóiríocht agus tacaíocht a sholáthar a chomhlíonann riachtanais an uile dhuine. Pobal sábháilte a chothú, ag an am céanna, trína gcinnteofar go mbeidh seirbhís urrúnta éigeandála ar fáil'*

POBAL

| Cuspóir | Dul chun |
|---|---|
| Tacú le struchtúr LCDC agus Plean LECP a chur i bhfeidhm. | Tá an LCDC neadaithe anois agus cuireann sé ról inchreidte monatóireachta ar fáil don Phlean Pobail agus agus mar Ghrúpa Áitiúil Gníomhaiochta maidir leis an gClár Forbartha Tuaithe. |
| Tacú leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí. | Tá an PPN ag dul ó neart go neart. |
| Straitéis Sábháilteachta Pobail a fhorbairt. | Cuireadh gníomhaíochtaí uile na Straitéise Pobail san áireamh san LECP agus déanfar an cur i bhfeidhm agus an mhonatóireacht chéanna orthu agus a bhí socraithe thuas. |
| Tacú le Líonra na mBailte Slachtmhara chun a bpobail a fhorbairt. | Lean an Chomhairle dá tacaíocht do Líonra na mBailte Slachtmhara agus dá spriocanna. Tugadh cúnamh suntasach in 2017 faoi Scéim na mBailte agus na Sráidbhailte. |
| Tacú le riachtanais forbartha na bpobal agus na n-eastát. | Thacaigh Scéim Deontas Taitneamhachta na Comhairle le pobail agus eastáit |
| Straitéis Spórt agus Caithimh Aimsire a fhorbairt chun riachtanais reatha a chomhlíonadh agus gníomhaíochtaí spóirt pobail a fhorbairt. | Cé nár athbhreithníodh an Straitéis Spóirt agus Caithimh Aimsire, cuireadh cúnamh suntasach ar fáil chun teacht a thabhairt ar ghníomhaíochtaí spóirt go háirithe trí Chomhpháirtíocht Spóirt Lú. |
| Leanúint ar aghaidh le Straitéis Contae Aoischairdiúil. | Féachtar ar Lú mar cheannaire sa réimse seo de bheartais aoischairdiúla agus is cuid de gach beartas é an sprioc seo |
| Clár Chomhairle na nÓg a éascú. | Is é Comhairle na nÓg an t-aon ghuth atá ag an óige sa chontae agus déanann sé cur i láthair bliantúil don Chomhairle iomlán chun a bhfuil bainte amach acu a léiriú |
| Seirbhís nua-aimseartha freagrúil leabharlainne a sholáthar a chomhlíonann riachtanais an phobail agus a chomhlíonann an straitéis 'Deiseanna do Chách.' | Lean an tseirbhís leabharlainne de sheirbhís cháilíochta a chur ar fáil agus ba é an toradh ar sin in 2017 gur cuireadh tús le mórchuid tionscnamh náisiúnta, amhail Cúrsaí Oibre agus Éire Shláintiúil. |

### TITHÍOCHT

| Cuspóir | Dul chun |
|---|---|
| Raon iomlán na dtacaíochtaí tithíochta a chur ar fáil. | Tá raon iomlán na seirbhísí tithíochta ar fáil d'iarratasóirí cáilitheacha. |
| Cabhrú le daoine imeallaithe trí Chlár Cóiríochta do Thaistealaithe 2014-18 agus Plean Gníómhaíochta an Oirthuaiscirt do Dhaoine gan Dídean 2014-17 agus Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas a fhorbairt. | Glacadh Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas agus tá athbhreithniú meántéarma ar an gClár Cóiríochta do Thaistealaithe ar bun cheana féin ag an gCoiste Comhairle ar Chóiríocht do Thaistealaithe. Tá Plean Gníomhaíochta Réigiúnach do Dhaoine gan Dídean á chur i dtoll a chéile le Fóram Réigiúnach an Oirthuaiscirt do Dhaoine gan Dídean |
| Straitéis nua Iompair Frithshóisialta a chur i dtoll a chéile. | Glacadh an straitéis seo agus le linn 2017 fuair an t-údarás áitiúil an chéad ordú le haghaidh athshealbhú as drugaí a sholáthar ó nó i gceann dár dtithe. |
| Ár stoc tithíochta a chothabháil ar shlí bheartaithe chórasach. | Sainordú nua ab ea é sin a forbraíodh sa straitéis seo. Tá an obair ag dul ar aghaidh ar Shuirbhé ar Staid an Stoic. |
| Riachtanais na saoránach, riachtanais atá ag athrú i gcónaí. | Lean an Chomhairle de chúnamh suntasach deontais a thabhairt d'iarratasóirí le linn 2017. |

### SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA

| Cuspóir | Dul chun |
|---|---|
| Seirbhís Dóiteáin athléimneach dea-oilte a choimeád. | Tá sin á dhéanamh tríd an gcóras dualgais cúig ghrúpa a bhainistiú, riachtanais náisiúnta oilúna a chomhlíonadh, agus feithiclí agus trealamh na seirbhíse dóiteáin a uasghrádú. |
| Straitéis chuimsitheach sábháilteacht dóiteáin pobail. | Leathnaíodh an soláthar a rinneadh ar chláir faoin Straitéis in 2017, agus tá cláir eile beartaithe le haghaidh 2018. |
| Straitéis Dóiteáin náisiúnta 'Pobail a Choimeád Sábháilte' | Tá seachadadh na straitéise seo á bhainistiú ag an Stiúrthóireacht Náisiúnta agus Grúpa Náisiúnta Maoirsithe agus Feidhmithe na Seirbhíse Dóiteain |
| Cinntiú go bhfuil Struchtúr Bainistíochta leordhóthanach ann chun | Cuireadh cuspóirí bainistíochta mór-éigeandála i bhfeidhm trí chleachtaí áitiúla agus comhordú réigiúnach. Cuireadh mór-nósanna imeachta éigeandála i bhfeidhm le linn Stoirm Ophelia. |
| An tSeirbhís Cosanta Sibhialta a fhorbairt a mhéad is féidir. | Tá plean straitéiseach cosanta sibhialta á cheapadh agus tá athchóiriú á dhéanamh ar an eagraíocht. |

# SPRIOC 3 Bonneagar

*'Líonra bonneagair ardchaighdeán a choimeád, líonra atá inrochtana, sábháilte, cliste agus comhtháite agus leanúint de bhonneagar nua-aimseartha sofaistiúil a sholáthar chun teacht áisiúil a thabhairt do shaoránaigh an chontae.'*

### IOMPAR

| Cuspóir | Dul chun |
|---|---|
| Líonra bóithre an chontae a chothabháil agus a fheabhsú. | Ina chlár bliantúil oibreacha bóthair, bainistíonn Comhairle Contae Lú clár leanúnach cothabhála agus feabhsúcháin maidir lena líonraí bóithre, bealaí rothair agus cosán. Comhoibríonn Comhairle Contae Lú leis an TII agus leis an DTTaS chun tionscadail a phleanáil chun feabhsúcháin a dhéanamh ar an líonra iompair sa chontae. |
| Dul chun cinn a dhéanamh ar phríomhthion-scadail lena n-áirítear: Droichead Chaoluisce, Seachbhóthar Átha Fhirdhia, Slí Rochtana Chalafort Dhroichead Átha. | Tosaíochtaí don Chomhairle is ea na trí thionscadal seo agus tá foinsí maoinithe á lorg i gcónaí. |
| Cosáin, páirceáil, spásanna oscailte agus áiseanna a dhearadh, a chothabháil agus a dhearadh le cinntiú go bhfreagraíonn siad do riachtanais na saoránach ar fud an chontae. | Tá soláthar déanta ag Comhairle Contae Lú ina chlár caipitil trí bliana chun uasghrádú a dhéanamh ar líonra na méadar pápháirceála i nDún Dealgan agus i nDroichead Átha, agus ar líonra na gclós súgartha, na bpáirceanna agus na leithreas poiblí ar fud an chontae. Tacaíonn an Chomhairle le grúpaí áitiúla pobil chun an t-éileamh ar áiseanna pobail ar nós clós súgartha agus mar sin de a chomhlíonadh. Mar a dúradh thuas, bainistíonn an Chomhairle ar bhonn leanúnach, ina chlár bliantúil oibreacha bóithre, na riachtanais cothabhála agus feabhsúcháin atá de dhíth ar líonra na mbóithre, na mbealaí rothaíochta agus na gcosán. |
| Chun Clár Sábháilteachta Bóthair a chur i bhfeidhm, a bheidh oiriúnach do riachtanais atá ag athrú. | D'éirigh le Comhairle Contae Lú tacaíocht a fháil do bhearta scoileanna/pobail/sábháilteachta faoi shásra cistiúcháin na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (le haghaidh tionscadal beag bonneagair i gceantair thuaithe atá faoi mhíbhuntáiste). Cheap Comhairle Contae Lú i gcomhar le Comhairle Contae Mhuineacháin Oifigeach Sábháilteachta Bóthair in 2016, a d'ullmhaigh Plean Gníomhaíochta Sábháilteachta Bóthair don chontae maidir leis an tréimhse 2017-2020. |

## IOMPAR

| Cuspóir | Dul chun |
|---|---|
| | Teagmháil leis an nGarda Síochána mar chuid den Chlár um Imbhuailtí a Chosc chun áiteanna ina mbíonn imbhuailtí coitianta a aithint agus gníomhartha coisctheacha a dhéánamh áit is gá<br>Clár na maor scoile a bhainistiú<br>Cláir um méadú feasachta a sheoladh i scoileanna áitiúla agus ar na meáin shóisialta i gcomhar leis an Údarás um Sábháilteacht ar Bhóithre. |
| Dul i mbun oibre i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Oideachais agus an clár tógála scoileanna a fhorbairt agus | Tá Coláiste Chú Chulainn á thógáil faoi láthair agus cuireadh dearadh i dtoll a chéile le haghaidh Scoil Ardee Educate Together. |
| Campas Earnála Poiblí a chur ar fáil ag oifigí Shráid an Aonaigh | Chuaigh an obair chun cinn ar an tionscadal seo trí chead pleanála a fháil agus túsdáta de ráithe 1, 2018, a shocrú. |
| Féachaint le hathghiniúint bailte/sráidbhailte a chur | |

## MUIRÍ

| Cuspóir | Dul chun |
|---|---|
| Lánúsáid a bhaint as ár gcalafoirt chun an méid a chuireann earnáil na gcalafort leis an ngeilleagar áitiúil a mhéadú. | Tugadh cead pleanála chun síneadh a chur le Calafort an Ghrianfoirt in 2017 |
| Aitheantas a thabhairt dár gcalafoirt mar ionaid thábhachtacha stairiúla, cultúrtha, sóisialta agus caithimh aimsire. | Reáchtáladh Féile Mhuirí Dhroichead Átha i Meitheamh 2017. Tógadh Piara Fiddle Case le Comhacht Port Dhroichead Átha |
| Dul i gcomhpháirtíocht lenár gcalafoirt chun idirghníomhaíocht idir earnáil na gcalafort agus na gcórais pleanála agus forbartha a chinntiú ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe leanúnach ar earnáil na gcalafort. | Bíonn cruinnithe rialta ann idir Calafort an Ghrianfoirt agus Calafort Dhroichead Átha ar chúrsaí pleanála agus eile |
| Tacú leis an mBeartas Náisiúnta Calafort agus é a chur i bhfeidhm. | Tugadh aistriú na scairshealbhaithe go Comhairle Contae Lú chun críche i nDeireadh Fómhair 2017. |
| Leanúint den obair le hOifig na nOibreacha Poiblí chun déileáil leis an mbagairt ó chreimeadh talún agus an ardú ar leibhéal na taoide.<br>. | Is é Oifig na nOibreacha Poiblí an phríomhghníomhaireacht maidir le bainistiú an bhaol ó thuilte in Éirinn agus tá Staidéar Tuilte dar teideal Staidéar Measúnaithe agus Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair (CFRAM) idir lámha acu i gcomhar le Comhairle Contae Lú mar Bhaill den Ghrúpa Dul chun cinn. Cuireadh tús le CFRAM in 2011 agus tá trí phríomhchéim ann, Measúnú ar an Réamhbhaol Tuilte, Baol Tuilte agus Mapáil Guaiseanna; agus Pleanáil Bainistíochta don Bhaol Tuilte. Tá na trí chéim tugtha chun críche anois agus cuimsítear siad sna Dréachtphleananna Bainistíochta Tuillte a mheastar a críochnófar níos déanaí in 2017. Tosófar ar iad a chur i bhfeidhm ó 2017 ar aghaidh agus sa chéim sin cuirfear tús le dearadh, soláthar, agus mar sin de, agus cuirfear cosaintí aitheanta tuile ar fáil a luaithe is féidir ina dhiaidh sin. |

# SPRIOC 4 Oibríochtaí, Muirí & Uisce

*'Líonra iompar ardchaighdeán a chothabháil, a bheidh inrochtana, sábháilte, cliste agus comhtháite, agus a chomhlíonfaidh riachtanais mhuintir Chontae Lú; Soláthar a dhéanamh i gcomhar le hUisce Éireann chun seirbhísí uisce agus fuíolluisce ardchaighdeán tráthúla a sholáthar chun riachtanais forbartha Chontae Lú a chomhlíonadh.'*

## MUIRÍ

| Cuspóir | Dul chun |
|---|---|
| Tacú agus cothabháil a dhéanamh ar chalafoirt agus cuanta forbartha go háirithe iad siúd atá faoi úinéireacht na Comhairle. | Déanann Máistir Calafoirt Chomhairle Contae Lú maoirsiú ar ghníomhaíochtaí agus ar úsáid múrála ag Port Oirialla, Ceann Chlochair agus Áth na gCasán. |
| Tacú leis na moltaí a rinneadh i Staidéar ar Thuilte Mhórcheantar Dhún Dealgan agus aon staidéar eile a rinneadh le linn thréimhse an phlean seo. | Comhoibreoidh an Chomhairle le hOifig na nOibreacha Poiblí chun an Plean nua Náisiúnta Bainistíochta Tuilte a chur i bhfeidhm. |

## IOMPAR

| Cuspóir | Dul chun |
|---|---|
| Líonra bóithre an chontae a chothabháil agus a fheabhsú. | Ina chlár bliantúil oibreacha bóthair, bainistíonn Comhairle Contae Lú clár leanúnach cothabhála agus feabhsúcháin maidir lena líonraí bóithre, bealaí rothair agus cosán. Comhoibríonn Comhairle Contae Lú leis an TII agus an DTT chun tionscadail um fheabhsú an líonra iompair a chur i bhfeidhm sa chontae. |
| Moltaí an Iniúchta Contae Iompair a chur i bhfeidhm trí fhreagairt chomhtháite earnála poiblí. | Faoin gClár chun Iompar Tuaithe a athstruchtúrú, tá ceangal idir Lú, an Mhí agus Fine Gall chun an RTP a fhorbairt agus a sholáthar trí Nasc Áitiúil Flexibus suite san Uaimh. Tá dhá ionadaí ag Lú ar bhord Flexibus. Tá seirbhís mhéadaithe curtha ar fáil ag Flexibus i Lú, tugadh isteach scéim cairr pobail agus fuarthas 'teach ospidéil' chun daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas a thabhairt chun an ospidéil. Tá straitéis nua chabhrach á cur i dtoll a chéile ag Flexibus 2018-2021. |
| Féachaint le príomhchuspóirí an Bheartais Náisiúnta Taistil níos Cliste a chur i bhfeidhm. | Cabhraíonn an roinn Eorpach agus Fuinnimh chun príomhchuspóirí an Taistil Chliste a chur i bhfeidhm trí chistiú d'iompar inbhuanaithe a iarraidh agus a bhainistiú. |
| Bealaí rothaíochta, cosáin, páirceáil, páirceanna, clóis súgartha, bóithre agus áiseanna eile a dhearadh, a chothabháil agus a fheabhsú chun riachtanais mhuintir Lú a chomhlíonadh. | Tá soláthar déanta ag Comhairle Contae Lú ina chlár caipitil trí bliana chun uasghrádú a dhéanamh ar líonra na méadar pá-pháirceála i nDún Dealgan agus i nDroichead Átha, agus ar líon na gclós súgartha, na bpáirceanna agus na leithreas poiblí ar fud an chontae. Tacaíonn an Chomhairle le grúpaí áitiúla pobail chun an t-éileamh ar áiseanna pobail ar nós clós súgartha agus mar sin de a chomhlíonadh. Mar a dúradh thuas, bainistíonn an Chomhairle ar bhonn leanúnach, ina chlár bliantúil oibreacha bóithre, na riachtanais chothabhála agus feabhsúcháin atá de dhíth ar líonra na mbóithre, na mbealaí rothaíochta agus na gcosán. |

**IOMPAR**

| Cuspóir | Dul chun |
|---|---|
| Clár Sábháilteachta Bóthair a chur i bhfeidhm, a bheidh oiriúnach do riachtanais atá ag athrú. | D'éirigh le Comhairle Contae Lú tacaíocht a fháil do bhearta scoileanna/pobail/sábháilteachta faoi shásra cistiúcháin na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (le haghaidh tionscadal beag bonneagair i gceantair thuaithe atá faoi mhíbhuntáiste).<br><br>Cheap Comhairle Contae Lú i gcomhar le Comhairle Contae Mhuineacháin<br><br>Oifigeach Sábháilteachta Bóthair in 2016, a d'ullmhaigh<br>• Plean Gníomhaíochta Sábháilteachta Bóthair don chontae maidir leis an tréimhse 2017-2020.<br>• chun áiteanna ina mbíonn imbhuailtí coitianta a aithint agus gníomhartha coisctheacha a dhéánamh áit is gá<br>• Déantar clár na maor scoile a bhainistiú Cothaítear feasacht áitiúil sna scoileanna agus ar na meáin shóisialta i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. |

**UISCE**

| Cuspóir | Dul chun |
|---|---|
| Oibriú le hUisce Éireann le cinntiú go gcuirfear soláthar leanúnach slán uisce óil ar fáil ar shlí leordhóthanach a chomhlíonfadh riachtanais mhuintir Lú. | Oibríonn Comhairle Contae Lú le hUisce Éireann faoi Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse chun uisce óil slán sábháilte a chinntiú i gContae Lú agus le Foireann Ceangal agus Forbróra Uisce Éireann agus leis an bhFoireann Straitéis Sócmhainne chun riachtanais forbartha Contae Lú a chomhlíonadh. |
| Clár caomhnaithe uisce a chur i bhfeidhm chun caillteanas uisce a íoslaghdú ón líonra dáileacháin i gcomhar le hUisce Éireann. | Oibríonn Comhairle Contae Lú le hUisce Éireann chun clár gníomhach chun sceitheadh uisce ar fud an chontae a bhrath agus a dheisiú, uisce gan tásc a laghdú agus caillteanas ar fud an líonra a íoslaghdú. |
| Soláthar a dhéanamh do chórais cóireála fuíolluisce agus bailiúcháin, i gcomhar le hUisce Éireann, chun riachtanais na bPleananna Bainistíochta Dobharcheantair a chomhlíonadh. | Oibríonn Comhairle Contae Lú le hUisce Éireann chun bheith cinnte go gcomhlíonfaí an reachtaíocht ábhartha agus na gceadúnas doirte sceite. |

# SPRIOC 5 Comhshaol & Fuinneamh Inbhuanaithe

*Soláthar a dhéanamh le haghaidh seirbhís ardchaighdeán tráthúil uisce agus fuíolluisce chun riachtanais forbartha an Chontae a chomhlíonadh agus an timpeallacht a chosaint agus a bhreisiú ag an am céanna.*

**FUINNEAMH INBHUANAITHE**

| Cuspóir | Dul chun |
|---|---|
| Feasacht comhshaoil a chur chun cinn agus tacú le cuspóirí an Phlean Bainistíochta Dramhaíola. | Scaiptear eolas i dtuarascáil mhíosúil ar an gComhairle lena n-áirítear nuashonruithe ar thionscnaimh nua forfheidhmithe áit is cuí. |
| Úsáid fhoinsí agus córais an fhuinnimh inbhuanaithe a chur chun cinn. | Déanann an roinn fuinnimh inmharthana teagmháil le grúpaí pobail agus gnóthais chun fuinneamh inbhuanaithe a chur chun cinn ar fud an chontae. |
| Úsáid fuinnimh agus éifeachtúlacht fhoirgnimh agus shaoráidí na Comhairle a fheabhsú. | Fuair an Chomhairle creidiúnú Chóras Bainistíochta Fuinnimh ISO 50.001 le deireanas le húsáid mar fheithicil chun éifeachtúlacht fuinnimh a bhainistiú agus a choinneáil ar siúl. Le deireanas chumaisc an Chomhairle a ranna Fuinnimh agus Réadmhaoine chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh. |
| Tionscnaimh nua spárála fuinnimh san earnáil ghnó a thacú agus a chur chun cinn. | Bíonn teagmháil ag an Roinn Fuinnimh Inbhuanaithe le gnóthais ar mhaithe le fuinneamh inbhuanaithe a chur chun cinn sa chontae agus deiseanna spárála fuinnimh a aithint. |
| Saineolas a fhorbairt i mbainistíocht fuinnimh inbhuanaithe mar acmhainn don Chomhairle agus d'earnálacha eile. | Tá foireann fuinnimh inbhuanaithe ar leith bunaithe ag an gComhairle chun deiseanna spárála fuinnimh a aithint agus spáráil fuinnimh a chur chun cinn. Fuair an Chomhairle creidiúnú Chóras Bainistíochta ISO 50,001, leis, le húsáid mar fheithicil chun a éifeachtúlacht fuinnimh a bhainistiú agus a bhuanú, agus níl ach líon beag údarás áitiúil a bhfuil an creidiúnú seo faighte acu. |
| Comhairle Contae Lú a fhorbairt mar eiseamláir éifeachtúlachta fuinnimh. | Fuair an Chomhairle creidiúnú Chóras Bainistíochta Fuinnimh ISO 50.001 le deireanas le húsáid mar fheithicil chun éifeachtúlacht fuinnimh a bhainistiú agus a choinneáil ar siúl, agus eiseamláir éifeachtúlacht fuinnimh a dhéanamh de. |
| Tionscnaimh spárála fuinnimh a chur i bhfeidhm san eagraíocht agus sa phobal i gcoitinne. | Threoraigh an Chomhairle iarratais ar chistiú fuinnimh le blianta beaga anuas, nó bhí sí rannpháirteach iontu. Thacaigh sí le clár oiliúna chun iniúchadh fuinnimh a dhéanamh ar FBManna. Shínigh sí Comhaontú Leibhéal Seirbhíse le hOifig na nOibreacha Poiblí chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú ina dhá cheann dá phríomhfhoirgneamh poiblí. |

COMHSHAOL

| Cuspóir | Dul chun |
|---|---|
| I gcomhar le hUisce Éireann, cinnteofar: go mbeidh soláthar leanúnach uisce óil slán sábháilte a bheidh dóthanach chun riachtanais forbartha an contae a chomhlíonadh. | Oibríonn Comhairle Contae Lú le hUisce Éireann faoi Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse chun uisce óil slán sábháilte a chinntiú i gContae Lú agus le foireann Ceangal agus Forbróra Uisce Éireann agus leis an bhFoireann Straitéise Sócmhainne chun riachtanais forbartha Contae Lú a chomhlíonadh. |
| Go leanfar de chlár caomhnaithe uisce a acmhainniú chun an chailliúint uisce ón gcóras dáileacháin a íoslaghdú. | Oibríonn Comhairle Contae Lú le hUisce Éireann chun clár gníomhach braite agus deisithe sceitheadh uisce a chur ar fáil ar fud an chontae chun uisce gan tásc a laghdú agus caillteanas ar fud an líonra a íoslaghdú. |
| Go ndéanfar soláthar do chórais cóireála fuíolluisce agus bailiúcháin, a chomhlíonfaidh riachtanais na bpleananna bainistíochta dobhar-cheantar a rinneadh faoin gCreat-Treoir Uisce. | Oibríonn Comhairle Contae Lú le hUisce Éireann chun bheith cinnte go gcomhlíonfaí an reachtaíocht ábhartha agus na gceadúnas doirte sceite. |
| Go leanfar den pholasaí náisiúnta praghsála uisce a chur i bhfeidhm. | Ceadúnais doirte.<br>Níl aon bhaint níos mó ag Comhairle Contae Lú leis an bpolasaí praghsála. Is é Uisce Éireann i gcomhaontú leis an CRU a bhainistíonn an polasaí sin. |
| Go ndéanfar reachtaíocht comhshaoil a fheidhmiú go héifeachtach. | Rinneadh cigireachtaí ar an uisce, ar dhramhaíl, ar an aer agus ar thorann. Rinneadh na cigireachtaí sin faoi phlean RMCEL (Na Critéir Mholta do Chigireachtaí Comhshaoil) a cuireadh faoi bhráid na Gníomhaireachta um Chosaint Comhshaoil in 2017. Nuair ba chuí, tionscnaíodh gníomhartha forfheidhmithe tar éis na gcigireachtaí. Bíonn caidreamh ag Comhairle Contae Lú leis an Líonra Réigiúnach Forfheidhmithe Dramhaíola chun tosaíochtaí náisiúnta a chur i bhfeidhm.<br><br>Fostaíonn an Chomhairle maoir bhruscair i nDún Dealgan, i nDroichead Átha agus ar fud an chontae chun an tAcht um Thruailliú Bruscair 1997 agus na Fodhlíthe um Bruscar Madraí agus Rialú Madraí 2015 a fhorfheidhmiú.<br><br>Chuir an Chomhairle tionscnaimh éagsúla frithdhumpála i ngníomh le maoiniú a fuarthas ón Roinn Comhshaoil; san áireamh bhí CCTV, baill dhubha dumpála a ghlanadh agus baic a chur in airde. Féachfaidh an Chomhairle le cistiú breise do thionscnaimh eile frithdhumpála a fháil ón Roinn. Tá rannóg ghníomhach um chomhlíonadh comhshaoil ag an gComhairle trína gcuirtear na hAchtanna um Bainistíocht Dramhaíola 1996 leasaithe i bhfeidhm. |

# **SPRIOC 6** Forbairt Eacnamaíoch

*'Gurb é Contae Lú an láthair chéad rogha don fhorbairt eacnamaíoch, do dheiseanna cultúrtha agus oideachais le tacú ó bhonneagar sofaisticiúil a chuireann riachtanais eacnamaíocha na glúine seo agus na nglúnta a thiocfaidh inár ndiaidh san áireamh'*

| Cuspóir | Dul chun |
|---|---|
| Ceannaireacht agus tacaíocht a chur ar fáil chun gníomhaíochtaí Fhóram Eacnamaíoch Lú a chur ar fáil. | Bhí cruinnithe rialta ag an bhFóram in 2017. Bainistíonn an Roinn Gnóthaí Eorpacha agus Fuinnimh feidhmiú na ngníomhaíochtaí i bPlean Gníomhaíochta Fuinnimh Fhóram Eacnamaíoch Lú. Tacaíonn sé le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ina ról mar chathaoirleacht an Tascghrúpa Fuinnimh. Táthar tar éis oifigeach lánaimseartha leathanbhanda a cheapadh i gComhairle Contae Lú chun tacú leis an bPlean Gníomhaíochta Leathanbhanda. Bunaíodh grúpa straitéis Bhia Ghleann na Bóinne in 2017 agus cuireann obair an ghrúpa roinn gníomhartha de chuid an fhóraim sa réimse seo i gcrích. |
| Comhairle ghnó sothuigthe ardchaighdeán a chur ar fáil a mheallann infheistíocht isteach, a thacaíonn le gnóthais nua as a leanfaidh fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBM). | Obair atá á déanamh ag Forbairt Eacnamaíoch agus Oifig Fiontair Áitiúil Lú. Bhí cruinnithe rialta ann leis an IDA agus EI agus chomhlíon an Chomhairle roinnt gníomhartha infheistíochta dírí isteach lena n-áirítear eolas ar infhaighteacht spás oifige a thabhairt chun dáta agus cistiú a fháil do Chéim II den Mhuileann. |
| Ról na nOifigí Fiontair Áitiúil a fhorbairt chun tacú le FBManna. | Tá LEO Lú suite go maith laistigh den Stiúrthóireacht Eacnamaíoch. Cuireadh Plean Gníomhaíochta LEO Lú 2017 i dtoll a chéile. |
| Ár ndeiseanna turasóireachta a uasmhéadú, agus infheistíocht a spreagadh sna healaíona agus san oidhreacht chultúrtha. | Tugann an grúpa straitéise Turasóireachta agus Oidhreachta na príomhdhaoine sa tionscal turasóireachta le chéile chun an plean turasóireachta agus oidhreachta a lainseáladh in 2017 a bhrostú. Déanann an oifig Forbartha Eacnamaíche postáil rialta maidir le himeachtaí turasóireachta ar na meáin shóisialta agus ar twitter agus tugtar na suíomhanna gréasáin visitlouth.ie agus visitdrogheda chun dáta go rialta. Tá gaol láidir ag Comhairle Contae Lú le Fáilte Éireann tríd an Oifigeach Forbartha Réigiúnaí. |
| Leanúint de cheann scríbe turasóireachta i nGleann na Bóinne & Cuailgne/Múrna/Cuilleann a fhorbairt | Tá Plean Gníomhaíochta Turasóireachta agus Oidhreachta i bhfeidhm chun an turasóireacht, na healaíona, an cultúr agus an oidhreacht a chur chun cinn, agus leas a bhaint as suíomh uathúil Chontae Lú laistigh d'Oirthear Ársa na hÉireann, mar lárionad do Ghleann na Bóinne agus do Réigiún Chuailgne, Mhúrna agus Chuillinn. |

| Cuspóir | Dul chun |
|---|---|
| Dul i gcomhpháirtíocht le hinstitiúidí áitiúla oideachais chun tacú. | Is príomhbhaill d'Fhóram Eacnamaíochta Lú iad DkIT agus LMETB. |
| le fiontraíocht agus gnólachtaí nuathionscanta. | Tá comhpháirtíocht ann idir an roinn Gnóthaí Eorpacha agus Fuinnimh agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus an LMETB chun oiliúint a chur ar deichniúr rannpháirtithe chun iniúchtaí fuinnimh a dhéanamh ar FBManna. Oibríonn an Chomhairle le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus le LEO Lú chun próiseas píolótach dearbhán a fhorbairt chun iniúchtaí fuinnimh a mhaoiniú do FBManna. |
| Féachaint ar na deiseanna atá i gceist i gcoincheap na Tána. | Tugadh cistiú breise do Choiste Mhórshiúl na Tána chun Mórshiúl na Tána a fhorbairt. Tosóidh an Mórshiúl i Ros Comáin agus stopfaidh sé in áiteanna éagsúla i gContae Lú sula gcríochnaíonn sé in Ó Méith, Contae Lú. |
| Uasmhéadú a dhéanamh ar an Oifig Fiontair Áitiúil nua-chomhtháite. | Tá LEO Lú suite go maith laistigh den Stiúrthóireacht Eacnamaíoch. Cuireadh Plean Gníomhaíochta LEO Lú 2017 i dtoll a chéile. |
| Straitéis athbheochana lár an bhaile a chur i dtoll a chéile maidir le Dún Dealgan, Droichead Átha agus Baile Átha Fhirdhia. | Tá réamheolairí ceaptha do Thacaíochtaí Miondíola Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan - Deontais Tacaíochta Gnó agus Deontais d'Aghaidheanna Siopaí. |
| Cur chuige comhsheasmhach agus gairmiúil a chur ar fáil maidir le pleanáil agus seirbhísí réamhphleanála don phobal. | Tá treoirlínte maidir le haghaidheanna siopaí i bhfeidhm. Glacadh Plean Limistéir Áitiúil Dhún Léire (2017-2023). |
| Gach iarracht a dhéanamh chun an Plean Forbartha Contae a chur ar fáil chun forbairt eacnamaíoch agus méadú ar fhostaíocht a chur chun cinn. | Tugadh An Fhís don Gheata Thiar, tionscnamh ceantarbhunaithe maidir le hathghiniúint baile le haghaidh Dhroichead Átha go dtí céim an dréachtaithe. Cuireadh tús leis an tuarascáil dhul chun cinn dhá bhliain ar Phlean Forbartha Chontae Lú 2015-2021. Tá forbairt inbhuanaithe á cur chun cinn ag an gComhairle trí shaineolas a fháil ar theicneolaíochtaí fuinnimh inbhuanaithe agus comhairle maidir leo a chur ar fáil. |
| Pleananna Gníomhaíochta Baile a chur i dtoll a chéile maidir le Droichead Átha, Dún Dealgan agus Baile Átha Fhirdhia. | Tá pleananna baile ag feitheamh ar fhoilsiú an Chreata Náisiúnta Pleanála (Lainseáilte Feabhra 2018) agus ar an Straitéis Spásúil agus Eacnamaíocht do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre |
| Leanúint ar aghaidh ag déanamh forbartha ar Fhiontraíocht Tuaithe mar shlí le tacú le pobail tuaithe agus iad a bhuanú. | Faoi Straitéis Áitiúil Forbartha aithníodh gur chóir tús áite a thabhairt do thacú le fiontair bheaga tuaithe chun fiontair áitiúla agus pobail a spreagadh agus a thacú. Tá beochan ar fho-théama an chláir ag dul ar aghaidh lenár gcomhpháirtithe. |
| Féachaint chuige go mbíonn beartais chomhshaoil ina gcuid de gach plean straitéisteach agus oibríochtúil? | Chuidigh beartais chomhshaoil le cruinnithe den Fhoireann Ardbhainistíochta agus lastall de sin le pleananna ábhartha straitéiseacha agus oibríochtúla. |
| Cosc, athúsáid agus athchúrsáil dramhaíola a chur chun cinn agus a spreagadh ar aon dul leis beartas an AE agus leis an mbeartas náisiúnta. | Bhí baill de ghrúpaí dramhaíola réigiúnacha an oirthir agus lár na tíre rannpháirteach ag na leibhéil straitéiseacha agus oibriúcháin araon. Cuireadh beartais náisiúnta i bhfeidhm go háitiúil. |

# **SPRIOC 7** Gnóthaí Réigiúnacha, Trasteorann & AE

*'Dún Dealgan agus Droichead Átha a chur i gceartlár Gheata Réigiúnach na Conaire Thoir'*

| Cuspóir | Dul chun |
|---|---|
| Féachaint le Geata an Oirthuaiscirt a dhéanamh de Dhún Dealgan/An tIúr/Droichead Átha. | Aithnítear sa Chreat Náisiúnta Pleanála an Chonair Eacnamaíoch idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste arb iad Dún Dealgan, an tIúr agus Droichead Átha na hionaid shuntasacha fáis. |
| Ról Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan mar phríomhláithreacha d'fhorbairt an chontae a chur chun cinn. | Tá an dá bhaile aitheanta mar ionaid ainmnithe fáis sa Chreat Náisiúnta Pleanála. |
| Lárionad feabhais agus dea-chleachtais a fhorbairt maidir le deiseanna cistiúcháin Eorpacha mar acmhainn do na stiúrthóireachtaí uile. | D'éascaigh an Oifig Eorpach mórchuid tionscadal a fuair cistiú ón Aontas i stiúrthóireachtaí éagsúla in 2017. Fuair 13 thionscadal €2.2 milliún trí Chlár Peace IV. Cuirfear an cistiú ar fáil do thionscadail bunaithe ar thrí théama ar leith: Leanaí & Daoine Óga; Caidreamh Dearfach a Fhorbairt; Spásanna & Seirbhísí Comhroinnte. Is é Comhairle Contae Lú an phríomhpháirtí i dTionscadal Ghlasbhealach Chairlinn Lú, ar comh-thionscadal é le Comhairle Dúiche an Iúir, Mhúrna agus an Dúin agus leis an East Border Region Ltd. Leis an tionscadal seo a fuair cistiú de €3.46 milliún ó INTERREG, críochnófar síneadh 10 km ar an nglasbhealach fad le cathair an Iúir. Bhí mórchuid stiúrthóireachtaí i gComhairle Contae Lú i dteagmháil le comhpháirtithe i dTuaisceart Éireann chun an t-iarratas ar chistiú a chur i dtoll a chéile agus a chur isteach. Faoin gClár Artach agus Forimill Thuaidh a rinneadh an t-iarratas. I ndáiríre, cruthóidh an tionscadal Near Zero Energy ardán ceannaireachta don tionscadal ó chuideachtaí poiblí a d'fhéadfadh an earnáil phríobháideach a úsáid chun tithe nua agus athchóiriú a dhéanamh ar thithe faoin tionscadal seo. |
| Tacú le forbairt agus athnuachan an Mheabhráin Tuisceana i gcomhar lenár gcomhpháirtithe trasna na teorann. | Tá an obair ar siúl i gcónaí ar an bhfóram nuabhunaithe den Mheamram Tuisceana. Bíonn cruinnithe foirne comhbhainistíochta ar siúl gach dhá mhí chun an teagmháil agus an caidreamh a fheabhsú. Tá clár preas eisiúintí agus imeachtaí beartaithe do chlár oibre 2018. |
| Tacú le forbairt inbhuanaithe ar áiseanna sna bailte sin a bhfuil scála réigiúnach acu. | Tacóidh an Chomhairle le haon tionscadal oiriúnach i gceachtar ceann den dá bhaile. |

## SPRIOC 8 Ealaíona, Cultúr & Fóillíocht

*'Beidh na hEalaíona, an Cultúr agus an Fhóillíocht mar bhonn le cáilíocht na beatha do dhaoine aonair agus do phobail ar fud an chontae'*

| Cuspóir | Dul chun |
|---|---|
| Tabharfaidh an Chomhairle léiriú ar na healaíona, an cultúr agus an fhóillíocht i saol an chontae trí ról ceannaireachta a fheidhmiú chun tacú le gach leas sa chontae. | Cuireann an Chomhairle, tríd an Oifig Ealaíon, sraith deiseanna maoinithe ar fáil atá oiriúnaithe do riachtanais ealaíonta an chontae, le tacaíocht ar leith d'fhorbairt na gcumann amaitéarach drámaíochta agus ceoldrámaíochta, uirlisí ceoil do na scoileanna, deiseanna d'ealaíontóirí chun dul i mbun oibre ar shaothair ar leith,agus forbairt na n-ealaíon sa chiall is leithne ar fud an chontae. |
| Plean Ealaíon agus Leabharlann comhtháite a chur i dtoll a chéile. | Threoraigh an Chomhairle an chéad Phlean Cultúr agus Cruthaitheachta le haghaidh Lú. San áireamh sa phlean cúig bliana sin bhí obair leo seo a leanas: An Oifig Ealaíon, an tSeirbhís Leabharlainne, an Chartlann Contae, an Oifig Oidhreachta, an tOifigeach Caomhantais Ailtireachta, Creative Spark, Ionad Ealaíon na Tána, Ionad Ealaíon Dhroichead Átha, Gailearaí Highlanes, agus an Músaem Contae, Dún Dealgan. Rinneadh an comhairliúchán don phlean seo sa chéad ráithe de 2018, agus tabharfar an plean chun críche i mBealtaine 2018. Cuirfear an plean i bhfeidhm mar chuid de chlár Creative Ireland. |
| Clár Imeachtaí agus Gníomhaíochtaí a chur i dtoll a chéile chun gach leas a bhaint as amharclanna, gailearaithe, leabharlanna, músaeim agus áiseanna cartlainne. | Cuireann an Oifig Ealaíon clár imeachtaí na healaíona san oideachas i bhfeidhm, agus cuireann sé le clárú na 13 fhéile bunaithe ar na healaíona ar fud an chontae. Is trí createlouth.ie, tairseach ealaíon agus cultúir an chontae, a éascaítear comhordú na n-imeachtaí seo agus cláir bhonneagar cultúrtha Lú, ar nós na n-ionad ealaíon, na gailearaithe agus na scoileanna ceoil. Is é an Oifig Ealaíon a bhainistíonn createlouth.ie |
| Straitéis Chomhpháirtíochta Spóirt Lú a chur i ngníomh. | Tá Plean Straitéiseach Chomhpháirtíocht Spóirt Lú 2018-2022 ullmhaithe agus tá sé beartaithe é a ghlacadh in Eanáir 2018. |
| Dul chun cinn a dhéanamh ar chéimeanna 2&3 d'fhoirgneamh an Halla Bhaile. | Ceapadh comhairleoir chun dul chun cinn a dhéanamh ar dhearadh an choincheapa. |

## SPRIOC 9 An Daonlathas Áitiúil

*'Ról daonlathach, sibhialta agus ceannaireachta Chomhairle Contae Lú a thacú, a chur chun cinn agus a bhreisiú'*

| Cuspóir | Dul chun |
|---|---|
| Obair leanúnach agus forbairt ról daonlathach na comhairle agus a coistí a acmhainniú. | Tugtar clár na dtoghthóirí chun dáta gach bliana agus seoltar gach cruinniú den Chomhairle chomh héifeachtach agus is féidir agus cuirtear na cinntí i bhfeidhm a luaithe is féidir. |
| Cultúr aitheantais chorparáidigh a chothú go hinmheánach agus go seachtrach. | Úsáidtear brandáil chorparáideach na Comhairle ar gach tuairisc inmheánach agus seachtrach. |
| An struchtúr dhá leibhéal rialtais áitiúil a thacú agus a leathnú ar fud an chontae. | Cruinnithe eolais a thionól do chomhaltaí reachtúla den Oireachtas. |
| Feabhsú a dhéanamh ar oibriú éifeachtach na Comhairle, a coistí agus comhlachtaí eile. | Coinnítear na comhaltaí ar an eolas ar na ceisteanna seo trí thuarascáil mhíosúil a scaipeann an Príomhfheidhmeannach orthu. |
| Ról an Choiste Iniúchóireachta agus prionsabail dea-chleachtais an dea-rialachais a leabú. | Bíonn ceithre chruinniú ar a laghad ag an gCoiste Iniúchóireachta gach bliain agus faigheann sé tacaíocht ón Roinn Seirbhísí Corparáideacha. |
| Daonlathas rannpháirteach a fhorbairt trí úsáid níos fearr a bhaint as Seirbhís Rannpháirtíochta na nDaoine (PPN). | Comhlíonann an PPN a ról forbartha ag tacú le hionadaíocht ar struchtúir éagsúla agus ag cur dea-chleachtas chun cinn. |
| An tseirbhís uainn a bheith cuimsitheach agus meas a léiriú ar chách. | Cloíonn an Chomhairle leis na hamlínte reachtúla maidir le hiarratais Saoráil Faisnéise agus gearáin ó chustaiméirí. |

# **SPRIOC 10** Bainistíocht Acmhainní

*'Seirbhísí poiblí luach ar airgead a sholáthar trí chur chuige nuálacha agus oiriúnaitheach a ghlacadh i leith rialachas áitiúil'*

| Cuspóir | Dul chun |
|---|---|
| Déanfaidh an eagraíocht a dícheall chun í féin a oiriúnú chun riachtanais an phobail, riachtanais atá ag athrú, agus an timpeallacht reatha, a chomhlíonadh. | Pleanáil don lucht saothair agus bainistíocht eolais a bheith ina bpríomhchuid dár gcuid oibre i gcónaí. Baill foirne a earcú agus a oiliúint de réir mar a thagann folúntais chun cinn. |
| Déanfar iarracht athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar sheachadadh gach seirbhíse d'fhonn éifeachtúlachtaí a mhéadú agus luach ar airgead a fháil. | Déanann an fhoireann bainistíochta monatóireacht agus measúnú leanúnach ar sheachadadh seirbhísí. Déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar phríomhréimsí den tseirbhís tríd an Iniúchadh Inmheánach. |
| Úsáidfear uirlisí bainistíochta feidhmíochta chun torthaí ardchaighdeán a bhaint amach. | Déantar creat-uirlis forbartha inniúlachta a chur i bhfeidhm don fhoireann ar fad. |
| Na príomhinniúlachtaí do phoist a aithint, uas-sciliú a dhéanamh nuair is gá agus a chur i bhfeidhm san ionad oibre chun riachtanais an phobail a chomhlíonadh. | Déanfar agallóireacht bunaithe ar inniúlachtaí agus meaitseáil scileanna do gach post is féidir. |
| Cultúr feasachta a chothú i leith cúrsaí sláinte agus sábháilteachta chun líon na dtimpistí san ionad oibre agus in áiteanna poiblí a laghdú. | Beidh cruinnithe rialta ag an gcoiste bainistíochta sláinte agus sábháilteachta agus beidh cainteanna rialta foireann uirlisí ann leis an bhfoireann. |
| Leanúint d'éiteas na Comhpháirtíochta san Ionad Oibre a chomhlíonadh. | Beidh cruinnithe rialta ann idir oifigigh ceardchumainn agus baill foirne chun fadhbanna a réiteach. |

Lugh sáimh–ioldánach

Comhairle Contae **Lú**
**Louth** County Council

# Nótaí